Tuarascáil Bhliantúil

2016

HRB
Health
Research
Board

Taighde.
Fianaise.
Gníomhú.

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2017
ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:
An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

t 353 1 234 5000
f 353 1 661 2335
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

Clár na nÁbhar

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh 4
Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2016 6
Príomhspriocanna insroichte i gcomhréir le straitéis BTS 2016-2020 10
Rialachas Corporáideach 32
Sliocht as na Ráitis Airgeadais 37
Aguisín A – Liosta fhoilseacháin an BTS in 2016 41
Aguisín B – Dámhachtainí BTS a bronnadh i 2016 – go Príomhimscrúdaitheoirí 43
Aguisín C – Dámhachtainí BTS in éineacht le comh-mhaoinitheoirí 52

Torthaí agus Tionchar in 2016

HRB

€58.6m
bronnta (comh-mhaoiniú de €19.1m san áireamh)

5
athbhreithniú fianaise déanta don Roinn Sláinte

111
dámhachtain ar fud 30 institiúid ósta (ollscoileanna, ospidéil, eagraíochtaí othair, carthanais agus san earnáil phoiblí eagraíochtaí sláinte)

14,523
othar ag glacadh páirte i dtrialacha sa trí Áis Taighde Chliniciúil (ATC)

2,403
othar ailse earcaithe le haghaidh na dtrialacha cliniciúla de chuid Cancer Trials Ireland

€8.9m
Giaráilte ó H2020 le haghaidh 12 tionscadail a bhaineann le sláinte

344
triail chliniciúil sa trí Áis Taighde Chliniciúil (ATC) de chuid BTS

40,000
Is é an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (CTNCD) an chéad chóras faisnéise de chuid BTS a théann beo ar LINK. Sonraí faoi níos mó ná 40,000 eipeasóid chóireála aistrithe.

20
tuarascáil BTS foilsithe

tacaíodh le
663
phost taighde

1986
2016

Súil siar a chaitheamh ar os cionn 30

Roinnt forbairtí lárnacha

Buiséad:
IR£2.3 - IR£1.6m

An BTS bunaithe ag cónascadh an Medico-Social Research Board agus an Chomhairle um Thaighde Leighis Éireann

—

An Córas Náisiúnta Tuairiscithe um Chóireáil Drugaí bunaithe

—

Sa chéad phlean corparáideach de chuid an BTS aithnítear T&F don tsláinte, méadú ar oiliúint iarchéime, naisc idir coláistí/ospidéil/tionscal a chur chun cinn agus tacaíocht mhaoinithe phríobháideach nó sheachtrach a fhorbairt mar spriocanna lárnacha

—

An Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Othair Shíciatracha Chónaitheacha agus Clár an Trí Chontae a chur ar ríomhaire

—

Bogadh go próiseas seachtrach um athbhreithniú piaraí

—

IR£1.7 - IR£3.5m

Méadaíonn an BTS feasacht faoi mhaoiniú AE

—

Bunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Intleachta bunaithe

—

Léiríonn an chéad mheasúnú ar chumas taighde na seirbhísí sláinte cé go bhfuil sé tearcfhorbartha, go bhfuil buanna láidir ag Éirinn ar féidir acmhainn BTS a fhorbairt orthu má chuirtear maoiniú ar fáil agus má oibríonn daoine as lámh a chéile

—

1986–1991

1992–1996

Roinnt torthaí lárnacha

Léiríonn staidéir ar an lucht taistil a foilsíodh

- Cóiríocht curtha ar fáil do 50% den lucht taistil i gcomparáid le 5% i 1960
- Tá cónaí ar 50% i gCorcaigh, Luimneach agus Baile Átha Cliath
- Is ionann na rátaí torthúlachta agus mortlaíochta agus rátaí an daonra shocraithe x2

—

Tagann Peter Humphries, TCD, ar ghéin atá freagrach as foirm de dhaille dhúchais.

—

Aithníonn Kathleen Quane and Tommie McCarthy, UCC, fabht mhóilíneach atá freagrach as galar croí lárnaigh.

—

Aithníonn Dermot Walsh, BTS géin shonrach a chuireann le riosca scitsifréine.

—

Tosaítear ar staidéar mór ag Éirinn/SAM ar spleáchas ar alcól agus úsáid á baint as sonraí ó chláir an BTS bunaithe ar dhaonra.

—

0 bliana de bhuaicphointí fáis agus ratha

IR£3.5m – €13.2m

Foilsíonn an Rialtas an chéad straitéis um thaighde sláinte *Making knowledge work for health*

—

Trí mheán chomhaontú an Rialtais le hIontaobhas Wellcome um maoiniú meaitseáilte faightear €6 milliún do thaighde bithleighis

—

Seoladh deontais chláir ar luach €12 milliún i gcaitheamh na gcéad chúig bliana eile

—

Baineadh triail as próiseas leictreonach um iarratais ar dheontais

—

Tagann an BTS chun bheith i bPointe Comhtheagmhála Éireann don Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

—

€22.8m – €43.2m

Osclaítear leabharlann Drugaí an BTS

—

Bunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Fisiciúil agus Céadfach bunaithe

—

Trí chlár *Infheistíochta an BTS um shláinte agus fholláine* faightear cistiú caipitiúil ar luach €50m i gcaitheamh na gcéad 5 bliana eile

—

Tús curtha le maoiniú Eolaithe Cliniceora

—

Comhpháirtíocht le Wellcome chun Áiseanna Taighde Chliniciúil bunaithe in Éirinn

—

Innéacs Náisiúnta Básanna Bainteach le Drugaí bunaithe

—

Tugann BTS maoiniú do ICORG (a dtugtar Cancer Trials Ireland air anois) chun trialacha cliniciúla ar mhaoiniú ar oileán na hÉireann

—

I dtuarascáil MANT ar T&F *Cúraim Phríomhúil in Éirinn*, leagtar béim ar an ngá le Lárionad BTS um Thaighde ar Chúram Príomhúil

—

1997–2001

Aithníonn Peadar Kirke, BTS agus foireann ó Choláiste na Tríonóide agus ó NIH i Stáit Aontaithe Mheiriceá go bhféadfaí suas go 70% d'fhabhtanna néarfheadáin a chosc trí aigéad fólach a chaitheamh

—

2002–2006

Sa chéad fhoilseachán *Picture of Health* gabhtar torthaí ár dtaighde maoinithe ar bhealach a thuigfeadh an duine nach saineolaí é

—

BSNMI an BTS luaite in óráid bhuiséid chun tacú leis an argóint ar son €400m a fháil um sheirbhísí míchumais

—

Trealamh íomháithe 3D curtha ar fáil do 7 n-ospidéal chun tacú le taighde imbhreithe agus feabhas a chur ar thorthaí do mháithreach agus leanaí

—

An chéad ghéin um Ghalar Néarón Luadrach aitheanta ag Orla Hardiman agus a foireann idirnáisiúnta, rud a thug léargas ar bhunchúis an ghalair

—

Cruthaíonn obair Bernard Mahon in Ollscoil Mhá Nuad go bhfuil baictéar a thagann chun cinn go nádúrtha sna scamhóga ar féidir leis cur isteach ar chillbhallaí baictéar ar nós MRSA

—



#HRB30

€53m - €39.5m

Lárionaid BTS um thaighde ar aiste bia agus phríomhchúram bunaithe Bíonn tionchar acu siúd ar an gcáin shiúcra agus ar réimse treoirlínte cliniciúla nua do dhochtúirí ginearálta

—

€19 milliún do chláir nua PhD chun an bonn scileanna maidir le taighde ar bhitheolaíocht ailse, imdhíoneolaíocht, diagnóisic, agus seirbhíse sláinte (an Clár SPHeRE a thugtar air anois)

—

Mar thoradh ar thuarascáil Making an impact de chuid an BTS *Making an impact* tháinig creat tairbhe chun cinn chun tionchar an taighde maoinithe a thomhas

—

Foilsíonn an BTS *Athbhreithniú ar Sheirbhísí Sláinte Daonra agus ar Thaighde ar Sheirbhísí Sláinte in Éirinn*

—

Le plean gnó straitéiseach nua aistrítear béim an mhaoinithe go taighde bunaithe ar othair, ar shláinte daonra agus sheirbhísí sláinte

—



€37.1m - €43.8m

Athraíodh an bonneagar um thaighde cliniciúil in Éirinn ó bhonn nuair a osclaíodh 3 háis nua taighde chliniciúil, nuair a cruthaíodh 4 líonra nua um thrialacha cliniciúla agus nuair a bunaíodh Líonra nua Taighde ar Mhodheolaíocht Trialach agus mol chun trialacha a chomhordú, CRCI an BTS

—

Méadaíodh tacaíocht mhaoinithe do thaighde ar shláinte daonra agus sheirbhísí sláinte

—

Dul chun cinn maidir le gach córas faisnéise sláinte a chomhdhlúthú ar aon ardán amháin chun cabhrú le pleanáil níos fearr seirbhísí

—

Bunaíodh Lárionad Fianaise an BTS agus comhlíonadh spriocanna le haghaidh réimsí lárnacha beartais ar nós alcóil, féinmharaithe agus fluairídiú uisce

—

Straitéis nua 2016-2020 de chuid an BTS

—

Tugtar tús áite do Rannpháirtíocht an Phobail agus Othara

—

Le córas nua um bainistíocht deontas ar líne athraítear ó bhonn an cur chuige i dtreo bhainistiú deontas ar fud na saolré go léir

—

2007–2011

Léiríonn an chéad tuarascáil ar bhásanna bainteach le drugaí gurb é nimhiú an phríomhchúis le bás

—

Uirlis dhiagnóiseach um uathscagadh ailse a fhorbairt chun críocha gnó tar éis maoiniú a chur ar fáil ag an BTS go Paul Whelan i DCU

—

Samhail staitistiúil nua forbartha ag Anthony Staines i DCU chun cabhrú le hospidéil stoic fhola a bhainistiú

—

Forbraíonn Mary Fitzsimons, Ospidéal Beamount, taifead d'othar titimis atá á úsáid anois mar shamhail um bainistiú galar ainsealach

—

Aithníonn Luke O Neill i TCD máistirlasc a chasann an córas imdhíonachta air mar fhreagra ar bhaictéir díobhálacha

—

I dtuarascáil BTS leagtar béim ar na torthaí sóisialta a bhíonn ag caitheamh alcóil

—

Chabhraigh taighde ar leibhéal daonra, mar a cothaíodh ag staidéar HesSSOP Hannah McGee's HesSSOP agus an suirbhé SLAN 2007, le tuiscint déantóirí beartais a mhéadú maidir le luach na sonraí daingne ar dhaonra agus mar thoradh air sin tugadh maoiniú do TILDA agus GUI

—

Forbraíonn Denis O'Mahony, UCC, uirlis STOPP START um bainistíocht cógaslainne a d'fhéadfadh €180 milliún in aghaidh na bliana a shábháil do sheirbhísí sláinte

—

2012–2016

Nochtar i Suirbhé BTS ar Alcól go bhfuil 1.35 milliún ag ól méid alcóil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh

—

Dearbhaítear sa tuarascáil nach bhfuil aon fhianaise dheifnídeach a thugann sé fios go mbíonn éifeachtaí diúltacha ar an tsláinte ag fluairídiú pobail an soláthar uisce

—

Déanann Steve Thomas, TCD, Staidéar Dianseasmhachta ina dtugtar anailís fhóiréinseach ar an gcaoi ar dhéileáil an córas sláinte le laghdú acmhainní

—

Cruthaíonn Fergal Malone, RCSI, agus an fhoireann i Perinatal Ireland treoirlínte nua chun monatóireacht a dhéanamh ar leanaí sa bhroinn

—

Forbraíonn Declan Soden, UCC, uirlis nua chun siada ailse nach féidir obráid a dhéanamh orthu a zaipeáil

—

Faigheann Kathleen Bennett, RCSI, amach go bhféadfadh go mbeadh ról tábhachtach ag Aspairín ó thaobh ailse chíche a laghdú

—

Neartaíonn Mary Cannon, RCSI, an bhéim náisiúnta ar mheabhairshláinte óige agus roinnt fionnachtana gruama sa réimse sin curtha i láthair aici

—

Leis an triail Tailor X cuirtear leigheas pearsantaithe i bhfeidhm i gcúram ailse chíche

—

Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomh-fheidhmeannaigh

An Dr Declan Bedford
Cathaoirleach

An Dr Graham Love
Príomhfheidhmeannach

I rith 2016, sheol an BTS straitéis eagraíochta nua 2016-2020, *Taighde. Fianaise. Gníomh.* Sa straitéis sin leagtar amach bealach soiléir, uaillmhianach le haghaidh na tréimhse cúig-bliana sin. Freisin tar éis athbhrandáil a dhéanamh mar fhreagra ar chomhchomhairle le páirtithe leasmhara léiríodh fuinneamh agus treo nua don eagraíocht.

Rinneadh aithris ar an aistriú inmheánach sin ó thaobh fuinnimh go seachtrach chomh maith agus muid fós ag cur le clú agus cáil an BTS, ar fud na tíre agus an domhain araon. Bhí sé spreagúil ach go háirithe a fheiceáil go raibh fianaise BTS á húsáid chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht idir beartais agus cleachtais maidir le leagan nua de Phirimid an Bhia a thabhairt isteach chomh maith leis an m Bille Sláinte Poiblí (Alcól). Mar gheall ar ár rannpháirtíocht i mboird náisiúnta agus Eorpacha cabhraíodh le haitheantas a mhéadú faoin ról atá ag an BTS. Is léir é sin ach go háirithe i réimsí lárnacha mar nascadh sonraí, eolaíocht oscailte, éifeachtacht chliniciúil agus ionracas taighde.

I rith na chéad bhliana den straitéis nua rinneadh dul chun cinn daingean ó thaobh chuspóirí BTS. I measc roinnt éachtaí lárnacha bhí:

- Seoladh rogha dámhachtainí nua atá ar aon dul lenár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha, mar:
  - **Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht** chun tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte.
  - **Dámhachtainí um Chomhpháirtíocht Fheidhmeach** chun taighdeoirí agus úsáideoirí eolais a thógáil le chéile le díriú ar cheisteanna taighde a bhfuil aird tarraingthe orthu i gcóras cúram sláinte agus sóisialta na hÉireann.
  - **Tionscadail faoi Stiúir Imscrúdaitheora** chun eolas nua a chruthú le déileáil le dúshláin mhóra sláinte sa tsochaí agus dul i bhfeidhm ar shláinte sa todhchaí.
  - **Athbhreithnithe an BTS ar Chomhar in Éirinn um Éifeachtacht Chliniciúil** chun athbhreithnithe fianaise a dhéanamh agus tacaíocht eolaíochta a thabhairt d'fhorbairt treoirlínte ar chleachtas cliniciúil don Choiste um Éifeachtacht Náisiúnta Chliniciúil.
- Dul beo leis an gcóras nua ar líne um bailiú sonraí, LINK, ar clár uaillmhianach é chun sioncrónú a dhéanamh ar ár gcúig chóras náisiúnta um faisnéis sláinte agus sonraí a fháil ar líne ó sholáthraithe seirbhíse.
- An Tuarascáil a fhoilsiú *'Tograí chun Timpeallacht Sonraí a Chumasú le haghaidh Taighde Sláinte agus Taighde Bainteach in Éirinn' (Proposals for an Enabling Data Environment for Health and Related Research in Ireland)*, ina leagtar amach bealach ar aghaidh um rochtain shábháilte ar shonraí maidir le sláinte, chomh maith le stóráil, roinnt agus nascadh sábháilte na sonraí.
- Cúig athbhreithniú fianaise a dhéanamh agus dhá choimre fianaise a dhéanamh don Roinn Sláinte.
- Tacaí agus meicníochtaí nua a chruthú chun Rannpháirtíocht an Phobail agus Othar (RPO) i dtaighde a spreagadh.
- Raon feidhme an tInnéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí a leathnú chun bailiú sonraí faoi gach cás d'fhéinmharú a chuimsiú. Cuireann sé sin le rath BTS

€58.6m

infheistithe i 111 dámhachtain ar fud 30 óstinstitiúide.

maidir le bailiú sonraí faoi shábháilteacht ar bhóithre agus bhásanna de thoradh dóiteáin.

- Clár forbartha foirne agus eagraíochta a thabhairt isteach.
- Comhdháil a óstáil chun 30 bliain d'aschur agus de thionchair BTS a cheiliúradh.
- Spriocanna sláinte Horizon 2020 a bhaint amach ó thaobh maoiniú a fháil.
- Tuarascáil a fhoilsiú faoi *Alcól in Éirinn: caitheamh, díobháil, costas agus freagra beartais.*

Trínár meicníochtaí maoinithe, seo a leanas a bhain an BTS amach:

- D'infheistigh muid €58.6 milliún i 111 dámhachtain ar fud 30 óstinstitiúide.
- Tugadh tacaíocht do 663 post taighde.
- Cabhraíodh le taighdeoirí Éireannacha €8.9 milliún a ghiaráil ó Horizon 2020.
- Ghlac 14,523 othar páirt i 344 triail chliniciúil in Áiseanna Taighde Chliniciúil an BTS.
- Cuireadh ar chumas 2,403 othar ailse clárú i gcomhair trialacha cliniciúla arna ndéanamh ag Cancer Trials Ireland.
- Ceapadh ceathrar Ceannairí Taighde nua sna réimsí féinmharú a chosc, oideasú sábháilte, cúram i gcás néaltraithe agus ceannaireacht foirne sna seirbhísí sláinte.

Tarraingítear aird ar fud na tuarascála seo ar shamplaí agus chás-staidéir bhreise a léiríonn an méid a baineadh amach i rith na bliana.

Mar gheall ar an dul chun cinn a rinneadh i 2016 cabhraíodh le BTS na spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach atá curtha i láthair i Straitéis nua an BTS, 2016–2020, *Taighde. Fianaise. Gníomh*. Ní fhéadfaí é sin a bhaint amach murach díograise agus fuinneamh fhoireann an BTS agus gealltanas ár gcomhaltaí Boird.

Agus muid ag smaoineamh faoin todhchaí, is léir go gcuirfidh an straitéis seo agus na torthaí a bhainfear amach mar gheall uirthi an taighde ag croílár an chóras sláinte, go mbainfear níos mó leasa as infheistíochtaí arna ndéanamh sa tsláinte, agus déanfar cinnte go mbainfear úsáid as fianaise chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht maidir le beartas agus cleachtas.

An Dr Declan Bedford
Cathaoirleach

An Dr Graham Love
Príomhfheidhmeannach

Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2016

Eolaíocht Oscailte agus Éire (Open Science and Ireland)

Eagraithe agus eochairchainteoirí ag ócáid Eolaíocht Oscailte agus Éire.

€4.5m

le haghaidh seacht dtionscadail ar néaltrú leis na Atlantic Philanthropies.

Fuair an tOllamh Eamon O' Shea, OÉ na Gaillimhe €1.6m chun bheith ina gCeannaire Taighde BTS sa Néaltrú.

Seolann BTS Straitéis 2016–2020

Taighde. Fianaise. Gníomhú.

Déanfaidh an BTS €250 milliún a infheistiú chun nuáil a bhrú sna réimsí cleachtas cliniciúil, dearadh agus soláthar seirbhísí sláinte, agus chun taighde a chumhdach ag croílár chóras sláinte na hÉireann.

Mar gheall ar fhionnachtain mhór ó thaobh eitinne leagtar an bealach amach i gcomhar chóireáil imdhíon-teiripe agus taighdeoirí in Ospidéal San Séamas ag teacht ar bhealaí nua le heitinn fhrithsheasmhach in aghaidh ildrugaí a chóireáil.

An Dr Laura Gleeson, TCD agus Ospidéal San Séamas

Seoladh Scéim Dámhachtana um Chomhpháirtíocht Fheidhmeach

Ní mór do thaighdeoirí agus d'úsáideoirí eolais plé gníomhach a dhéanamh i rith an timthriall taighde; ar dtús aithníonn siad an cheist taighde agus ansin baineann siad úsáid as fionnachtana an taighde chun dul i bhfeidhm ar bheartas agus/nó chleachtas.

€5.7m

Le haghaidh cheithre dhámhachtana nua um Cheannairí Taighde BTS sna réimsí féinmharú a chosc, oideasú sábháilte, cúram i gcás néaltraithe agus ceannaireacht foirne i seirbhísí sláinte.

#HRB30

Tuarascáil BTS ar *Alcohol in Ireland: caitheamh, díobháil, costas agus freagra beartais.*

An Dr Deirdre Mongan, HRB, príomhúdar

Dochar don tsláinte

I 2013:

Bhí **3** Bhás in aghaidh an lae bainteach le halcól

Tugadh cóireáil do **7,549** cás le haghaidh úsáid dhíobhálach alcóil

Nochtann taighde a rinneadh a foireann taighdeoirí as Éirinn, Meiriceá agus Ceanada go bhféadfadh go mbeadh an córas imdhíonachta freagrach as suas le 40% de chumas ár gcoirp meáchan a rialú.

Brendan Quinn, teagascóir corpacmhainne, a ghlac páirt sa triail chliniciúil agus a chaill níos mó ná 23kg.

Gairmeacha sa Taighde Sláinte

Tacú le taighdeoirí agus ceannairí den chéad scoth

Creat agus plean gníomhaíochta 2016-2020

Foilsíonn BTS *Creat agus Plean Gníomhaíochta um Ghairmeacha sa Taighde*, ina leagtar amach na gníomhartha chun fórsa oibre oilte a fhorbairt i réimse an taighde sláinte in Éirinn.

Tógann leabhar dathúcháin do dhaoine óga 'turas tríd an inchinn' chun na ceangail idir an inchinn, sláinte mhothúchánach agus mheabhrach agus folláine fhoriomlán a léiriú.

#

Tuarascáil Choiste an Bhunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Intleachta

Bronnann an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta as Míchumais, Finian McGrath, T.D. duais ar David McKenna a bhuaigh comórtas chun clúdach a dhearadh do thuarascáil an Bhunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Intleachta (BNSMI). Roghnaíodh a phéintéireacht ó níos mó ná 250 iarracht ar fud na tíre.

Foilsíonn BTS sonraí tuarascála bliantúla agus daonáirimh ó aonaid agus ospidéil shíciatracha na hÉireann.





€73 billiún

Le taighde maoinithe ag BTS meastar go gcosnóidh básanna roimh am de thoradh ailse €73 billiún do gheilleagar na hÉireann i gcaitheamh na 20 bliana seo chugainn.

Infheistíonn an BTS €2.5 milliún sa tionscnamh Athbhreithnithe ar Chomhar in Éirinn um Éifeachtacht Chliniciúil, foireann ildhisciplíneach agus tacaíocht acu ó shaineolaithe san Údarás um Faisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus i Lárionad an BTS um Thaighde ar Chúram Príomhúil i RCSI (Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn) chun cabhrú leis na grúpaí forbartha um threoirlínte cliniciúla de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus chun déanamh cinnte go mbíonn fianaise mar bhonn do chúram agus shábháilteacht othar.

The MAMMI Study

I Staidéar MAMMI – Cecily Begley agus Deirdre Daly, TCD – nochtadh raidhse fadhbanna sláinte ceilte a mbíonn éifeacht acu ar gach gné de shaol máithreacha, sláinte mheabhrach, fhisiceach agus ghnéis san áireamh.

Incháilitheacht do mhaoiniú le bheith nasctha le creidiúnú maidir le comhionannas inscne

Ceanglóidh an BTS agus gníomhaireachtaí eile um maoiniú taighde ar institiúidí ardoideachais creidiúnú Athena SWAN maidir le comhionannas inscne a bheith i bhfeidhm acu faoi 2019 chun go bhfanfaidh siad incháilithe do mhaoiniú taighde.



Dea-dhrugaí d'fhrídíní fíochmhara – Léiríonn Taighde ag an Ollamh James O'Gara in OÉ na Gaillimhe go lagaíonn peinicillin baictéir MRSA, agus mar sin go mbíonn siad níos leochailí d'antaibheathaigh agus don chóras imdhíonachta.

Figiúr um básanna bainteach le drugaí – méadú 62% i gcaitheamh 10 mbliana

Fuair beagnach beirt bás gach lá in Éirinn i rith 2014 mar thoradh ar nimhiú, tráma nó cúiseanna leighis a bhí nasctha le húsáid drugaí.

2014 Básanna bainteach le drugaí

697

Bás

Cásanna Nimhithe **354**
Cásanna Nár Bhain le Nimhiú **343**

© An Bord Taighde Sláinte

#HRB30

Sheol BTS tréimhse comhchomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara maidir le céad chur chuige struchtúrtha na hÉireann i dtreo rannpháirtíocht an phobail agus othar (RPO) i dtaighde ar shláinte.

€40m

Faigheann taighdeoirí sláinte na hÉireann níos mó ná €40 milliún ón AE le haghaidh tionscadal taighde agus nuála.

Rath taighdeoirí arna maoiniú ag BTS ag Dámhachtainí Chúram Sláinte na hÉireann

Tugadh moladh speisialta do Sean Kirwan, UCD, as a shraith d'fhíseáin eolais d'othair a rinneadh lena Dámhachtain ón BTS um Malartú agus Scaipeadh Eolais.

An tOllamh Fidelma Dunne, tionscadal Atlantic-DIP (Diaibéiteas le linn Toirchis) a mhaoinigh an BTS, an buaiteoir amach is amach sa Dámhachtainí Chúram Sláinte i 2016.

Úsáid bainte as uirlis scagtha chun laghdú a dhéanamh ar frithghníomhartha díobhálacha in aghaidh druga i measc othar breacaosta agus costais cógas don státchiste a laghdú.

#

Léiríonn staidéar nua Éireannach, ina mbaintear úsáid as Suirbhé Náisiúnta Dhialann Alcóil de chuid an BTS i 2013, go mbeidh éifeacht ag íosphraghsáil in aghaidh an aonaid le haghaidh alcóil ar 14% d'óltóirí.

Foilsíonn an Bord Taighde Sláinte figiúir um chóireáil drugaí agus déantar comparáid idir staid drugaí na hÉireann agus an staid sa chuid eile den Eoraip.

1

Príomh-spriocanna insroichte i gcomhréir le straitéis BTS 2016-2020

I Straitéis an BTS, 2016–2020 leagtar amach bealach soiléir maidir leis an méid a dhéanfaidh an eagraíocht i gcaitheamh na gcúig bliana seo chugainn.

Sa tuarascáil bhliantúil seo leagtar béim ar phríomhéachtaí a baineadh amach i 2016 i gcomhréir le cuspóirí na straitéise, agus taispeántar roinnt samplaí de thorthaí agus de rath suntasach.

Fíor 1.
Gnéithe lárnacha an straitéis BTS 2016-2020

Tá ár dtrí phríomhréimse fócais agus cumasóirí comhlántach agus idirspleách, agus díreoimid orthu ag an am céanna i rith thréimhse na straitéise.



RÉIMSE FÓCAIS 1
Díriú ar dhúshláin mhóra sláinte

RÉIMSE FÓCAIS 2
Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

RÉIMSE FÓCAIS 3
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

CUMASÓIR A
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

CUMASÓIR B
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

CUMASÓIR C
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

Réimsí fócais

Agus muid mar phríomhghníomhaireacht náisiúnta taighde sláinte in Éirinn, tá sé mar fhreagracht orainn infheistíocht a dhéanamh sa saol amach anseo agus freastal ar riachtanais chóras sláinte an lae inniu. Tá smaointe iontacha mar bhonn le cuid mhaith den dul chun cinn i gcúram sláinte. Tá sainmhíniú déanta againn ar na trí réimse fócais chomhlántacha ar leith seo a leanas a mheasaimid a bheith ar na cinn is oiriúnaí leis an BTS agus a phobal a threorú i rith na tréimhse 2016-2020 agus ina dhiaidh sin:

- Déileáil le dúshláin mhóra sláinte.
- Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte.
- Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

Téamaí cumasúcháin

Beidh dul chun cinn sna trí réimse fócais cumasaithe agus uasmhéadaithe le beartais agus gníomhartha a rachaidh i bhfeidhm ar na trí cinn acu go léir:

- Tacú leis na taighdeoirí agus ceannairí den chéad scoth atá de dhíth orainn chun taighde sláinte ardchaighdeáin a dhéanamh agus fianaise a chruthú.
- Timpeallacht láidir chumasúcháin a fhorbairt do thaighde sláinte in Éirinn agus cinntiú go bhfuil tuiscint againn ar na torthaí agus tionchair ár n-infheistíochtaí a léiriú.
- Cinntiú go bhfuil ár mbeartais agus rialachas láidir agus bunaithe ar dhea-chleachtais.

Réimse Fócais 1

Déileáil le dúshláin mhóra sláinte

Cuspóirí 2016:

- Tacú le taighde ardchaighdeáin atá á stiúradh ag imscrúdaitheoirí agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta.
- Deiseanna cómhaoiniúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in éineacht le gníomhaireachtaí agus institiúidí idirnáisiúnta.

Príomhspriocanna a baineadh amach i 2016

- Tugadh tacaíocht don réimse fócais le tríocha-haon dámhachtain, arbh fhiú €18.3 milliún iad.
- Bhí comhar idirnáisiúnta i gceist le haon cheann déag de na dámhachtainí sin, arbh fhiú €13.3 milliún iad.
- Seoladh scéim deontas nua dar teideal Tionscadail Stiúrtha ag Imscrúdaitheoirí (TSI). Téann sé sin in ionad an scéim Dámhachtainí Taighde Sláinte. Céad is caoga iarratas faighte agus á athbhreithniú.
- Maoiníodh seacht gceann déag de Dhámhachtainí Taighde Sláinte (tionscadail deontais) arbh fhiú €2.3 milliún iad.
    - > Scéim Comhpháirtíochta Taighde agus Forbartha SAM-Éireann. Maoiníodh dhá dhámhachtain arbh fhiú €6.8 milliún iad (€0.7 milliún tugtha ag BTS).
    - > An Grúpa Carthanais Taighde Leighis Maoiníodh 13 dhámhachtain arbh fhiú €2.5 milliún iad (€1.5 milliún tugtha ag BTS).
    - > Fondúireacht Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (NCHF). Seoladh uirlis mhaoinithe nua um thaighde péidiatrach in Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (infheistíocht €1 milliún ag NCHF).
- Rinneadh athchumrú ar chomhpháirtíocht na n-Institiúidí Náisiúnta Sláinte (National Institutes of Health/NIH) le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus leis an rannán T&F Chúram Sláinte agus Sóisialta de chuid na Gníomhaireacht Sláinte Poiblí T&F CSS) i dTuaisceart Éireann. Leathnóidh sé sin réimsí taighde sláinte atá clúdaithe, rud a dhéanfaidh an clár níos tarraingtí do thaighdeoirí agus a dhéanfaidh riarachán a shimpliú (ag súil le méadú ar iarratais/dhámhachtainí ó 2017 ar aghaidh).

€18.3m

Tugadh tríocha-haon dámhachtain ar luach €18.3 milliún.

Cás-Staidéar 1:

Comhpháirtíocht FEÉ-BTS-Taighde Bithleighis Wellcome

Tá BTS ag obair le heagraíochtaí maoinithe Éireannacha agus idirnáisiúnta le fada an lá, a bhfuil ina measc Wellcome (Iontaobhas Wellcome a bhíodh air roimhe sin) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FÉE), gan ach cúpla acu a lua. Ó bhí 2010 ann, tá comhpháirtíocht straitéiseach déanta ag BTS, FÉE agus Wellcome a thugann rochtain ar scéimeanna maoinithe Wellcome do thaighdeoirí Éireannacha.

Le blianta beaga anuas, tá Wellcome i measc na n-eagraíochtaí is mó a thugann tacaíocht do thaighde Éireannach. Ó 2005, tá 249 deontas bronnta aige ar institiúidí i bPoblacht na hÉireann. Bhí luach Steirling iomlán de £44 milliún ar na dámhachtainí sin, a rinneadh i gcomhpháirt leis an BTS agus FEÉ.

I 2016 amháin, chomh-mhaoinigh an BTS, in éineacht le Wellcome agus FEÉ, dámhachtainí taighde sláinte ar luach €11.3 milliún. Ina measc seo, bhí:

Ciste Tacaíochta Straitéise Wellcome d'Institiúidí. Den chéad uair, d'éirigh le dhá ollscoil Éireannach sa scéim sin. Tá €1.1 milliún in aghaidh na hinstitiúide faighte ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath araon.

I TCD, seo a leanas a bhainfidh an dámhachtain amach:

- tabharfar tacaíocht d'imscrúdaitheoirí atá tar éis tosú ag obair as a stuaim féin
- tabharfar tacaíocht do chlár comhair idirnáisiúnta
- cuirfear níos mó feabhais ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail.

I UCD, seo a leanas a bhainfidh an dámhachtain amach:

- scéim atá dírithe ar deis a thabhairt do dhochtúirí leighis agus do thréidlianna atá ag tosú amach ina slí bheatha dul ag obair i suíomh taighde
- scéim spriocdhírithe do thaighdeoirí atá i lár a slí bheatha
- cruthú líonraí feabhais, tacú le rannpháirtíocht phobail agus comhar le taighdeoirí eile.

Dámhachtain Imscrúdaitheora. D'éirigh leis an Ollamh Luke O' Neill maoiniú €2 mhilliún a fháil tríd an gcomhpháirtíocht sin chun teoiricí nua a fhiosrú faoin iompar a bhíonn ar siúl ag cealla áirithe a chuireann le hathlasadh, agus súil aige teiripí nua a aimsiú chun galair athlastacha éagsúla a chóireáil.

Dámhachtainí síolmhaoinithe Fuair ceathrar taighdeoirí Éireannacha €400,000 in aghaidh an duine chun a gcuid smaointe taighde úrnua a fhiosrú. Cabhraíonn Síoldámhachtainí le taighdeoirí smaointe úrnua a fhorbairt a bheidh mar chuid d'iarratais deontais níos mó ar Wellcome nó eagraíocht eile.

I 2016 amháin, chomh-mhaoinigh an BTS, in éineacht le Wellcome agus FEÉ, dámhachtainí taighde sláinte ar luach €11.3 milliún.

Cás-Staidéar 2:

Tionscadail faoi Stiúir Imscrúdaitheora

Seoladh an scéim um Thionscadail faoi Stiúir Imscrúdaitheora (TSI) i 2016 agus chuaigh sé in ionad scéim Dámhachtainí Taighde Sláinte (DTS) an BTS. Is é atá i ndámhachtainí TSI ná tionscadail ag a bhfuil saolré 24-48 mí agus tá uasbhuiséad de €370,000 acu. Fuair an BTS 150 iarratas ar an scéim i 2016. Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta á dhéanamh ar na hiarratais sin chun na tionscadail is fearr a roghnú. Tabharfaidh an BTS maoiniú do thart ar 30–35 ceann de na dámhachtainí sin i 2017.

Tá sé mar aidhm ag an scéim tacú le cruthú eolais nua chun déileáil leis na dúshláin mhóra sa tsochaí ó thaobh sláinte agus dul i bhfeidhm ar chúram sláinte amach anseo. Ní mór go mbeadh tionscadail bainteach le ceann amháin de na réimsí seo a leanas:

- Taighde otharbhunaithe
- Taighde ar shláinte daonra
- Taighde ar sheirbhísí sláinte.

Is féidir go mbeidís ag plé le hábhair beagnach áit ar bith ar speictream an taighde, lena n-áirítear conas sláinte agus folláine a choimeád agus a chur chun cinn, conas breoiteacht a chosc nó a chóireáil, nó conas is fearr córais sláinte a eagrú. Ní mór go mbeadh tionscadail ceannródaíoch, go gcuirfeadh siad leis an mbonn idirnáisiúnta eolais, agus go ndíreodh siad ar cheisteanna taighde tábhachtacha agus tráthúla áit a mbainfidh lucht sprice leas as na freagraí. Cuireann an scéim TSI le dhá mhórscéim deontais eile um thionscadail i Straitéis an BTS 2016–2020, is iad sin ná na Dámhachtainí um Chomhpháirtíocht Fheidhmeach (DCF) agus na Dámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht (DIDI).

I 2016, baineadh amach torthaí den scoth ar tarraingíodh aird na meán orthu ag Dámhachtainí Taighde Sláinte leanúnacha nó ag dámhachtainí a fuarthas roimhe sin.

Ina measc seo, bhí:

- Fuair an tOllamh Donal O' Shea (Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann) amach go bhfuil ról mór ag an gcóras imdhíonachta maidir le meáchan coirp agus otracht a rialú.
- Fuair an tOllamh James O'Gara (OÉ na Gaillimhe) amach go lagaíonn peinicillin baictéir MRSA agus mar sin go mbíonn so-ghabhálach do dhrugaí eile agus do chóras imdhíonachta an othair.
- Torthaí an Ollamh Cecily Begley (TCD), a léirigh rátaí arda forleithne d'fhadhbanna sláinte a bhfuil máithreacha ag tabhairt aghaidhe orthu, ar nós sláinte meabhrach, fisicí agus gnéis tríd an Staidéar Máithreacha agus Ghalracht Máithreacha in Éirinn (MAMMI).

Tá sé mar aidhm ag an scéim tacú le cruthú eolais nua chun déileáil leis na dúshláin mhóra sa tsochaí ó thaobh sláinte agus dul i bhfeidhm ar chúram sláinte amach anseo.

Réimse fócais 2

Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

Cuspóirí 2016:

- Tacú le dearadh, déanamh agus measúnacht tuarascálacha staidéir idirghabhála.
- An comhordú, na meicníochtaí cumasaithe agus na comhair náisiúnta/idirnáisiúnta a éascú a fheabhsaíonn méid, cáilíocht, ábharthacht agus tionchar trialacha agus staidéar idirghabhála in Éirinn.

Príomhspriocanna a baineadh amach i 2016

- Tugadh cúig dhámhachtain, ar luach €9.7 milliún, sa réimse fócais sin. Ina measc seo, bhí:
  - > Cancer Trials Ireland a fuair dhá dhámhachtain ar chomhluach €9 milliún chun tacú le raon leathan de thrialacha cliniciúla faoi stiúir imscrúdaitheora in ospidéil na hÉireann.
  - > Dhá staidéar idirghabhála cliniciúla arbh fhiú €0.5 milliún san iomlán iad, a maoiníodh trí scéim Ghrúpa Carthanais Taighde Leighis an BTS.
- Seoladh an Bord Taighde Sláinte Comhordú Taighde Chliniciúil Éireann (BTS-CTCÉ). Gníomhóidh sé sin mar an mol comhordaithe náisiúnta do gach triail chliniciúil in Éirinn.
- Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim Dámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht (DIDI) agus seoladh í. Tríd an scéim seo tugtar tacaíocht do thrialacha idirghabhála agus staidéir indéantachta i dtaighde sláinte cliniciúil agus/nó daonra agus/nó taighde seirbhísí sláinte. Fuair an BTS 50 iarratas i mbabhta a haon. Fógrófar na céad dámhachtainí i lár-2017.
- Eagraíodh athbhreithniú ar Líonra Taighde Modheolaíochtaí Trialach an BTS (BTS-LTMT) agus dearadh togra do mhaoiniú na chéad chéime eile.
- Cuireadh cásanna gnó faoi bhráid an Roinn Sláinte um ballraíocht náisiúnta sa Bhonneagar Taighde um Acmhainní Bithbhaincéireachta agus Bithmhóilíneacha – Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (BBMRI-ERIC) agus an Gréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach – Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ECRIN-ERIC).

€9m

bronnta ar Cancer Trials Ireland

Cás-Staidéar 3:

Beidh rochtain ag níos mó Éireannach ar thrialacha cliniciúla ilionaid

Ag seoladh an BTS-CRCI bhí: An tOllamh Joe Eustace, Cathaoirleach agus Stiúrthóir, HRB-CRCI, Dr Fionnuala Keane, Príomhoifigeach Oibriúcháin, HRB-CRCI, An Dr Graham Love, Príomhfheidhmeannach, BTS, Marcella Corcoran Kennedy, TD, An tAire Stáit um Chur chun cinn Sláinte.

Mar an mol comhordaithe náisiúnta do gach triail chliniciúil in Éirinn, tabharfaidh HRB-CRCI luach breise trí chabhrú le gairmithe sláinte páirt a ghlacadh i dtaighde cliniciúil.

Cuireadh borradh móra faoi éiceachóras trialacha cliniciúla na hÉireann nuair a seoladh HRB-CRCI i Meán Fómhair 2016. Is é seo an chuid dheireanach d'infheistíocht straitéiseach 10-bliana ar luach €100 milliún ag an BTS chun forbairt a dhéanamh ar acmhainn na hÉireann le gur féidir trialacha cliniciúla a dhéanamh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

Trí mheán sraithe de scéimeanna dámhachtana roimhe sin tugadh scileanna do thaighdeoirí chun trialacha a dhéanamh; na háiseanna chun na trialacha sin a dhéanamh iontu; agus an fhoireann saineolaithe, na líonraí piara agus an trealamh ardteicneolaíochta a theastaíonn chun tacú le trialacha cliniciúla.

Mar an mol comhordaithe náisiúnta do gach triail chliniciúil in Éirinn, tabharfaidh HRB CRCI luach breise mar seo a leanas:

- trí ghníomhú mar aon phointe teagmhála amháin d'aon duine ar mian leo páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla náisiúnta agus idirnáisiúnta
- trí chabhrú le gairmithe sláinte dul i mbun taighde chliniciúil
- trí threoir a thabhairt don lucht acadúil chun tograí taighde a fhorbairt a mbeidh ról ag othair iontu
- trí chabhrú leis an tionscal eolaíochtaí beatha taighde cliniciúil ardchaighdeáin a dhéanamh in Éirinn
- trí chabhrú le hothair tuiscint níos fearr a fháil ar thaighde cliniciúil agus faoi conas is féidir leo páirt a ghlacadh i dtrialacha.

Cás-Staidéar 4:

€18 milliún le haghaidh Dhámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantachta (DIDI)

Trí staidéir indéantachta cuirtear pleananna smaointe agus cruthúnais ar choincheapa ar fáil um staidéir idirghabhála deifnídí sa todhchaí.

Is é atá in idirghabhálacha deifnídeacha ná tionscadail mhóra, ar gnách go mbíonn siad ar siúl ar feadh 24–48 mí, agus buiséid de suas go €1 milliún in aghaidh an tionscadail i gceist. Cuireann fianaise ardchaighdeáin ar fáil maidir le héifeachtacht, costas agus tionchar leathan teiripe nó idirghabhála atá á bhfiosrú.

Trí staidéir indéantachta cuirtear pleananna smaointe agus cruthúnais ar choincheapa ar fáil um staidéir idirghabhála deifnídí sa todhchaí.

Go dtí le gairid, ní raibh an t-éiceachóras taighde ag Éirinn chun tacú le cuid mhór gníomhaíochta sa réimse sin. Mar gheall ar infheistíochtaí spriocdhírithe ag an BTS in áiseanna taighde chliniciúil, i líonraí trialacha cliniciúla agus i dtacaí eile, áfach, tá cúrsaí athraithe.

Anois, chun cur leis na hinfheistíochtaí sin ar scála mór, geallfaidh an BTS thart ar €18 milliún i gcaitheamh 2016–2020 chun cur le gníomhaíocht taighde i nDámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht.

Agus beagnach 50 iarratas faighte aige ina chéad bhabhta, tá spéis nach beag múscailte ag DIDI cheana féin. Tá súil ann go bhfógrófar na céad dámhachtainí i 2017. Tá feabhas eolaíochta na n-iarratas molta ag an bpainéal athbhreithnithe idirnáisiúnta.

Réimse fócais 3

Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

Cuspóirí 2016:

- Tacú le taighde a dhíríonn ar cheisteanna bainteacha náisiúnta don chleachtas cliniciúil agus sláinte daonra agus do bhainistíocht seirbhísí sláinte, agus aistriú na dtorthaí taighde ina mbeartas agus/nó ina gcleachtas.
- Sonraí ardchaighdeáin tráthúla agus bainteacha a chur ar fáil do bheartas, pleanáil seirbhíse agus taighde trí chórais náisiúnta eolas sláinte an BTS (CNES).
- Gníomhaíochtaí sintéis fianaise agus aistrithe eolais a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn cabhrú le lucht ceaptha beartas, pleanálaithe agus soláthraithe seirbhíse cinntí atá treoraithe ag fianaise a dhéanamh.

Príomhspriocanna a baineadh amach i 2016

- Tugadh dhá cheann déag de dhámhachtainí, ar luach €13.3 milliún, sa réimse fócais sin. Ina measc seo, bhí:
  - > Dámhadh maoiniú €10 milliún i gcaitheamh cúig bliana chun leanúint ar aghaidh le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois (TILDA).
  - > Seoladh an chéad bhabhta de Chlár Comhpháirtíochta Feidhmí nua, ina n-éilítear comhbhainistíocht ar thionscadail taighde ag Príomhimscrúdaitheoirí acadúla agus beartais/córas sláinte. Tugadh sé dhámhachtain ar chomhluach €1.3 milliún sa scéim sin (thug BTS €1.1 milliún agus thug eagraíochtaí cúram sláinte €0.2 milliún).
  - > Tugadh dhá dhámhachtain ar chomhluach €540,000 in éineacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann faoin gComhar Taighde i gCáilíocht agus i Sábháilteacht Othar.
  - > Tugadh maoiniú ar luach €177,256 do thionscadal píolótach chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí ón Tascfhórsa um Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna don Altranas i sainsuíomhanna leighis agus suíomhanna cúraim mháinliachta in ospidéil ghéarmhíochaine.
- Dámhadh 10 gcomhaltacht Cochrane ar luach €513,000.
- Oibríodh as lámh a chéile le 29 gcomhpháirtí i ngníomh comhordaithe agus tacaíochta don tionscadal TO-REACH (Aistriú Nuála Eagraíochta um Sheirbhísí agus Chórais Sláinte atá Dianseasmhach, Éifeachtach, Cothrom, Inrochtana, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach). Tá an tionscadal seo maoinithe ag dámhachtain Horizon 2020 ar luach €2 mhilliún.
- Oibríodh leis an Roinn Sláinte chun gairm a sheoladh, suas go luach €900,000, le haghaidh chlár taighde trí-bliana a chuirfidh bonn faoi fhorbairt agus mheasúnú beartas sábháilte um sholáthar foirne altranais ar aon dul le hobair an Tascfhórsa um Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna don Altranas i sainsuíomhanna leighis agus suíomhanna cúraim mháinliachta in ospidéil ghéarmhíochaine.
- Foilsíodh ceithre Thuarascáil Bhliantúil de chuid Córas Náisiúnta Faisnéise Sláinte (CNFS).

Cuireadh fianaise bainteach le drugaí ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Straitéis Náisiúnta Drugaí.

- Foilsíodh ceithre alt piarmheasúnaithe bunaithe ar shonraí CNFS.
- Tugadh an córas nua ar líne LINK chun sonraí a bhailiú ó ionaid a chuireann seirbhísí ar fáil agus a thugann tuairisc don Chóras Náisiúnta Tuairiscithe um Chóireáil Drugaí (CNTCD).
- Leathnaíodh sainchúram an Innéacs Náisiúnta um Básanna Drugabhainteacha (INBDB) chun sonraí faoi fhéinmharú a chuimsiú.
- Rinneadh cúig athbhreithniú fianaise agus dhá choimre fianaise don Roinn Sláinte.
- Comhlíonadh na gealltanais chonarthacha mar Phointe Fócasach na hÉireann chuig an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (LMEDAD).
- Cuireadh fianaise bainteach le drugaí ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Straitéis Náisiúnta Drugaí.
- Foilsíodh ceithre eagrán de *Drugnet Ireland*.
- Foilsíodh *Alcól in Éirinn: caitheamh, díobháil, costas agus freagra beartais.*

Cuireann Córais Náisiúnta Faisnéise Sláinte an BTS sonraí ardchaighdeáin, tráthúla agus ábhartha ar fáil do bheartas, phleanáil seirbhíse agus thaighde.

Cás-Staidéar 5:

Fianaise ardchaighdeáin do chóras chúram sláinte agus sóisialta na hÉireann



Is minic go n-insíonn na teidil oibre do na hathbhreithnithe fianaise BTS a scéal féin a thaobh an luach a chuireann BTS le déanamh beartais treoraithe ag fianaise in Éirinn. Seo a leanas ceithre shampla ónár n-aschur i 2016:

- *Bacainní roimh chumaisc rathúla ospidéil agus fachtóirí a éascaíonn iad: Athbhreithniú córasach*
- *Samhlacha pleanála, uirlisí agus próisis an fhórsa oibre sláinte i gcúig thír: Athbhreithniú ar fhianaise*
- *Buiséadú aonair um sheirbhísí cúraim sóisialta do dhaoine faoi mhíchumas: Cuir chuige idirnáisiúnta i dtreo inbhuanaitheacht airgeadais agus fianaise ina leith*
- *Idirghabhálacha a chuireann chun cinn méadú ar rátaí bheathú cíche agus fad bheathú cíche i measc na mban: Brathathbhreithniú.*

Chuir athbhreithniú fianaise de chuid an BTS ó 2015 ar teideal *Athbhreithniú fianaise ar na hábhair bhia ar sheilfeanna carbaihiodráití agus sailleacha phirimid an bhia* leis an leagan athbhreithnithe de Phirimid an Bhia i mí na Nollag 2016.

Cás-Staidéar 6:

Eolas níos tapa, níos éifeachtaí do phleanálaithe seirbhíse, sholáthraithe seirbhíse agus don lucht déanta beartais sláinte

I mí an Mheithimh 2016, ba é an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (CTNCD) an chéad chóras BTS a chuaigh beo ar LINK.

Leis an tionscadal LINK bogfar na cúig chóras faisnéise BTS chuig aon ardán coitianta amháin a chuirfidh cur chuige comhtháite ar fáil i dtreo bhainistíocht faisnéise sláinte sa BTS. Tá tairbhí inmheánacha agus seachtracha araon ag baint le LINK. Seo a leanas na tairbhí a bheidh ag baint leis:

- cuirfear feabhas ar cheanglais chomhlíontachta maidir le cosaint sonraí agus slándáil sonraí
- cuirfear feabhas ar cháilíocht sonraí trí bhailíochtú a cheadú ag an bpointe iontrála
- bainfear ciall as tacaíocht bogearraí casta, cothabháil agus forbairt chasta na gcúig córas faisnéise sin ar mór an difríocht eatarthu.

Le haghaidh úsáideoirí ár gcuid córas faisnéise, seo a leanas na tairbhí a bheidh ag baint leis an athrú:

- cuirfear deireadh leis an ngá le cóip pháipéir d'fhoirmeacha
- cuirfear feabhas ar cháilíocht na sonraí a bhfuil rochtain acu orthu
- cuirfear ar a gcumas anailís a dhéanamh ar a gcuid sonraí féin.

Go dtí seo, cuireadh oiliúint ar 234 duine ó 96 soláthraí seirbhíse cóireála drugaí faoi conas an NDTRS nua a úsáid. Faoi láthair tá níos mó ná 40,000 taifead d'eipeasóid chóireála sa bhunachar sonraí NDTRS. Nuair a bheidh gach modúl LINK beo, beidh suas le 300,000 taifead ar leithligh á gcoimeád ar fud an chórais iomláin.

Go dtí seo, cuireadh oiliúint ar 234 duine ó 96 soláthraí seirbhíse cóireála drugaí faoi conas córas nua LINK an NDTRS nua a úsáid.

Cumasóir A

Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

Cuspóirí 2016:

- Na daoine is fearr a mhealladh isteach i dtaighde sláinte trí thacú le cláir oiliúna PhD den scoth.
- Deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt gairme taighdeoirí iardhochtúireachta agus taighdeoirí éiritheacha.
- Obair a dhéanamh le hinstitiúidí ardoideachais, grúpaí ospidéal agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun ceannairí taighde sláinte a aithint, a fhorbairt agus tacú leo.
- Obair a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun oiliúint a éascú agus deiseanna a mhalartú a dhíríonn ar bhearnaí scileanna a réiteach.

€14.4m

Tugadh fiche-sé dhámhachtain, ar luach €14.4 milliún faoi Chumasóir A.

Príomhspriocanna a baineadh amach i 2016

- Tugadh fiche-sé dhámhachtain, ar luach €14.4 milliún faoi Chumasóir A.
  - > Astu siúd comh-mhaoiníodh trí dhámhachtain arbh fhiú €11.3 milliún iad tríd an gComhpháirtíocht Taighde Bithleighis FEÉ-BTS agus Wellcome (€5.1 milliún tugtha ag BTS).
- Fógraíodh, in éineacht le Wellcome comh-mhaoiniú ar luach €9.1 milliún do Chlár Oiliúna Cliniciúla Acadúla (COCA) na hÉireann chun tacú le 40 scoláireacht PhD i gcaitheamh sé bliana.
- Rinneadh athbhreithniú eatramhach ar an gclár um Oideachas Taighde ar Dhaonra Struchtúrtha agus Sheirbhísí Sláinte (SPHeRE) agus cuireadh tús le pleanáil i gcomhair mhaoiniú Chéim II.
- Seoladh scéim nua do Dhámhachtainí le haghaidh Imscrúdaitheoirí Nua ar luach €10.5 milliún i gcaitheamh cúig bliana.
- Dámhadh 42 Scoláireacht Samhraidh agus aon Chomhaltacht amháin um Chosc Ailse.
- Seoladh tionscnamh nua comh-mhaoinithe le Coimisiún Fullbright Éireann chun gairmithe sláinte agus cleachtóirí beartais sláinte chun leas a bhaint as sparánachtaí taistil go hinstitiúidí ábhartha i SAM. Táthar ag súil le ceithre dhámhachtain i 2017.

Cás-Staidéar 7:

Oiliúint taighde do dhochtúirí sa tseirbhís sláinte

Cuirfidh an clár COCA oiliúint faoi mhodhanna taighde ar an gcéad ghlúin eile de dhochtúirí.

Is ionann an scéim um Oiliúint Chliniciúil Acadúil na hÉireann (COCA) de Wellcome–BTS agus an infheistíocht uile-oileáin is mó i dtaighde cliniciúil acadúil. Leis an scéim sin cuirfear oiliúint ar ochtar dochtúirí iarchéime faoi oiliúint in aghaidh na bliana le haghaidh thréimhse cúig-bliana, agus oiliúint chliniciúil agus taighde lán-chomhtháite á cur ar fáil suas go leibhéal comhairleora.

Sheol an tAire Sláinte, Simon Harris T.D., an scéim in Áis Taighde Chliniciúil Wellcome-BTS in Ospidéal San Séamas. Cuirfidh an clár oiliúint faoi mhodhanna taighde ar an gcéad ghlúin eile de dhochtúirí. Agus, mar thoradh ar infheistíocht BTS i mbonneagar taighde chliniciúil, beidh áiseanna den chéad scoth acu a mbeidh siad in ann bheith ag obair iontu.

Is ionann an dámhachtain agus infheistíocht €14.6 milliún agus €9.1 milliún ag teacht ó Wellcome agus an BTS, agus comh-ranníocaíocht eile ar luach €5.5 milliún ag teacht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón Oifig Taighde agus Forbartha um Chúram Sláinte agus Sóisialta, Tuaisceart Éireann, agus ó ollscoileanna comhpháirtí. Tá sé i measc díreach seacht ndámhachtain den saghas sin a thugann Wellcome ar fud an RA agus na hÉireann.

Cás-Staidéar 8:

Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua

I gcaitheamh shaolré na straitéise, infheisteoidh an scéim €15 milliún chun cohórt d'imscrúdaitheoirí nua, cumasacha, neamhspleácha a chruthú.

Tá deiseanna oiliúna agus forbartha taighde do thaighdeoirí ina riachtanas lárnach má tá muid chun na daoine a chruthú agus a choimeád a bheidh ina gceannairí taighde inár gcóras chúram sláinte amach anseo.

I 2016, d'fhoilsigh an BTS a *Chreat agus Plean Gníomhaíochta um Ghairmeacha i dTaighde Sláinte*. Sa chreat sin míníodh conas a chuirfidh an BTS deiseanna oiliúna agus forbartha gairme ar fáil do thaighdeoirí ag gach céim dá dturas gairme. Ina measc siúd tá deiseanna i gcomhair:

- taighdeoirí ag céim luath trí chláir PhD
- taighdeoirí atá ag lár a gcuid taighde trí chuir chuige bunaithe ar fhoireann agus cuir chuige trasdisciplíneacha a fhorbairt
- imscrúdaitheoirí nua atá réidh le hoibriú ina n-aonar
- ceannairí sa taighde sláinte.

Ceapadh an Dámhachtain d'Imscrúdaitheoirí Nua go sonrach chun tacaíocht a thabhairt d'imscrúdaitheoirí nua atá réidh le hoibriú ina n-aonar. I gcaitheamh shaolré na straitéise, infheisteoidh an scéim €15 milliún chun cohórt d'imscrúdaitheoirí nua, cumasacha, neamhspleácha a chruthú. Tabharfar tacaíocht do thart ar 10 taighdeoirí sa chéad bhabhta. Rinneadh 57 n-iarratas incháilithe ar an gcéad ghairm i 2016, agus beidh an próiseas athbhreithnithe piaraí, agallaimh agus moltóireachta críochnaithe i lár 2017.

Cumasóir B

Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

Cuspóirí 2016:

- Obair a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus príomhpháirtithe leasmhara chun an clár oibre náisiúnta taighde a mhúnlú maidir le sláinte agus cúram sóisialta.
- Ceannaireacht a chur ar fáil chun athbhreithniú, déanamh agus rialachas an taighde a mhúnlú.
- Cur le, agus leas a bhaint as forbairtí idirnáisiúnta beartas, rialála agus reachtaíochta a bhaineann le taighde sláinte agus cúram sláinte in Éirinn.
- Infheistíocht sa bhonneagar taighde chun feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn tacú le réimsí fócais straitéiseacha an BTS agus leis an bpobal sláinte i gcoitinne.
- Tacú le taighdeoirí sláinte na hÉireann páirt a ghlacadh in Horizon 2020 agus i gcláir thaighde eile Eorpacha.

Príomhspriocanna a baineadh amach i 2016

- Tugadh ceithre dhámhachtain, ar luach €3 mhilliún, faoi Chumasóir B.
- Foilsíodh *'Tograí chun Timpeallacht Sonraí a Chumasú le haghaidh Taighde Sláinte agus Taighde Bainteach in Éirinn (Proposals for an Enabling Data Environment for Health and Related Research in Ireland)*. Leagtar amach ansin plean oibre d'Éirinn chun an leas is mó a bhaint as a cuid sócmhainní náisiúnta sonraí sláinte agus feabhas a chur ar shláinte daoine agus ar sholáthar chúram sláinte.
- Infheistíodh €2.3 milliún in Athbhreithnithe an BTS ar Chomhar in Éirinn um Éifeachtacht Chliniciúil (CICER). D'éirigh leis an Údarás um Faisnéis agus Cáilíocht Sláinte an dámhachtain sin a bhaint.
- Seoladh Beartas nua ar Inscne agus Éagsúlacht agus Plean Forfheidhmithe chun éagsúlacht inscne a chumhdach i gcláir mhaoinithe agus i gcleachtais an BTS.
- Seoladh an scéim Ignite um Rannpháirtíocht Pobail agus Othar (RPO) chun maoiniú a thabhairt do chomhordaitheoirí RPO in ollscoileanna Éireannacha i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Tabharfar suas le cúig dhámhachtain i 2017.
- Cuireadh chun cinn an plean oibre Eolaíochta Oscailte a chuimsigh gníomhaíochtaí lárnacha mar:
  - seimineár náisiúnta beartais aon-lá amháin ar Eolaíocht Oscailte i gcomhpháirt leis an ALLEA (Meitheal Oibre na n-Acadamh Eorpach Uile ar r-Dhaonnachtaí agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann (RIA)
  - seimineár náisiúnta faisnéise agus oiliúna aon-lá amháin a eagrú maidir leis na prionsabail FAIR (Findable, Accessible, Interoperable, agus Reusable) do thaighdeoirí sláinte
  - faomhadh a fháil chun Ardán Foilsitheoireachta Eolaíochta Oscailte (F1000) a rith ar bhonn píolótach ar feadh dhá bhliana, rud a chuirfidh ar chumas taighdeoirí a gcuid saothar a fhoilsiú ar bhealach níos oscailte
  - athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Rochtana Oscailte an BTS.

- Rinneadh athbhreithniú ar *Straitéis Mheasúnaithe an BTS um Thaighde Maoinithe* agus forbraíodh plean ceithre-bliana um chur i bhfeidhm.
- Cabhraíodh le taighdeoirí sláinte na hÉireann €8.9 milliún a fháil ó Horizon 2020 le haghaidh 12 thionscadail nua, a raibh ceann amháin acu comhordaithe ag foireann faoi cheannaireacht Éireannach. Baineadh é sin amach le treoir ó Phointe Teagmhála Náisiúnta an BTS.
- Tugadh tacaíocht do rannpháirtíocht ag taighdeoirí Éireannacha i roinnt gairmeacha faoin Tionscnamh Comhphleanála Eorpach. Ina measc siúd bhí *Comhchlár AE – Taighde ar Ghalair Néarmheathlúcháin, Aiste Bia Folláin um Shaol Folláin, Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh, agus Fad Saoil, Scoth Saoil*.
- Eagraíodh athbhreithniú ar na Dámhachtainí um Áiseanna Taighde Chliniciúil agus dearadh togra do mhaoiniú don chéad chéim eile.
- Tugadh faoi chleachtas chun raon feidhme a mheas le haghaidh an Roinn Sláinte chun lárú a dhéanamh ar Sheirbhís Eitice um dhéanamh Trialacha Cliniciúla ar Tháirgí Íocshláinte Imscrúdaitheacha (TCTII).
- Tugadh tacaíocht do sheoladh an Mhoil um Nuáil sa tSláinte.

Sheol an BTS Beartas nua ar Inscne agus Éagsúlacht agus Plean Forfheidhmithe chun éagsúlacht inscne a chumhdach i gcláir mhaoinithe agus i gcleachtais an BTS.

€8.9m

Cabhraíodh le taighdeoirí sláinte na hÉireann €8.9 milliún a fháil ó Horizon 2020 le haghaidh 12 thionscadail nua.

Cás-Staidéar 9:

DASSL-ú a dhéanamh ar Éirinn agus an leas is mó a bhaint ónár gcórais sonraí sláinte



Tá gá ag Éirinn le samhail de chineál DASSL chun gur féidir linn leas mór a bhaint as sonraí nach bhfuil dóthain úsáide á baint astu faoi láthair ar mhaithe le leas an phobail.

Tá láimhseáil chothrom ag teastáil chun an leas is mó a bhaint as sonraí bainteach le hothair agus le sláinte, agus meas á thabhairt ag an am céanna ar chosaint sonraí agus chúrsaí príobháideachta.

Tá níos mó ná 100 bunachar sonraí sláinte nó sonraí bainteach le sláinte ag Éirinn. Mar gheall ar mheascán casta de shaincheisteanna cultúrtha, sóisialta, teicniúla agus rialachais, áfach, cuirtear cosc ar thaighdeoirí sláinte ón bhfaisnéis go léir i dteannta a chéile atá cuimsithe sna bunachair sonraí sin a nascadh, a chuardach agus ó rochtain a fháil uirthi.

Mar gheall ar na dúshláin sin d'fhéadfadh go gcuirfí moill ar thaighde luachmhar ar sláinte, nó i roinnt cásanna, go gcuirfí deireadh leis. I roinnt cásanna, is gá sonraí a bhailiú as an nua, agus mar thoradh air sin déantar iarrachtaí agus costais a dhúbláil agus freisin cuirtear moill ar thorthaí taighde a bhaint amach a d'fhéadfadh a bheith chun tairbhe shláinte daoine agus sholáthar éifeachtach cúraim d'othair.

Dá bhféadfaí leas a bhaint as na hacmhainní sonraí sin ar bhealach slán, sábháilte, ba mhór an cumas a bheadh acu cóireálacha leighis a chur chun cinn, soláthar seirbhísí sláinte a fheabhsú, agus bonn eolais a chur faoi bheartas agus phleanáil ar fud an rialtais agus na sochaí.

Tháinig Tionscadal Sonraí an BTS chun cinn mar fhreagra ar iarratais ón bpobal taighde sláinte déileáil le dúshláin a bhíonn acu maidir le rochtain a fháil ar shonraí bainteach le sláinte, iad a roinnt agus a nascadh.

I dTuarascáil 2016 *'Tograí chun Timpeallacht Sonraí a Chumasú le haghaidh Taighde Sláinte agus Taighde Bainteach in Éirinn'(Proposals for an Enabling Data Environment for Health and Related Research in Ireland)*, leagtar amach samhail chomh maith le tograí don chineál bonneagair agus seirbhísí a theastaíonn chun rochtain shábháilte ar shonraí chomh maith le húsáid agus nascadh sábháilte sonraí a chinntiú. I Samhail DASSL (Sonraí, Rochtain, Stóráil, Roinnt agus Nascadh) leagtar amach an bonneagar agus na seirbhísí a theastaíonn chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

- tionscadail sábháilte (cuspóir bailí taighde)
- daoine sábháilte (taighdeoirí iontaofa)
- sonraí sábháilte agus rialachas sábháilte sonraí (sonraí daoine cosanta)
- suíomh sábháilte (rialuithe slándála)
- aschuir sábháilte (rialú aschur trí nochtadh).

Tá gá ag Éirinn le samhail de chineál DASSL chun gur féidir linn leas mór a bhaint as sonraí nach bhfuil dóthain úsáide á baint astu faoi láthair ar mhaithe le leas an phobail. Chun é sin a bhaint amach beidh comhiarracht ag raon leathan de pháirtithe leasmhara ag teastáil.

Cás-Staidéar 10:

Prionsabail stuama a chur i bhfeidhm sa phróiseas taighde

An tOllamh Barend Mons, ag labhairt ag an gcruinniú ar Eolaíocht Oscailte agus Éire.

Ar fud na hEorpa tá aistriú bunúsach ar siúl i dtreo an próiseas taighde a dhéanamh níos cothroime, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos comhoibrithí agus níos éifeachtúla.

Léirítear an mian sin ar fud an AE agus an domhain i dtionscnaimh mar Eolaíocht Oscailte (taighde a dhéanamh níos comhoibrithí, tacú le cáilíocht níos fearr agus le plé níos fearr leis an tsochaí), prionsabail sonraí FAIR (sonraí a dhéanamh Findable, Accessible, Interoperable agus Re-usable) agus beartais um chothrom inscne.

I rith 2016, bhí príomhról ag an BTS maidir leis na tionscnaimh a chur chun cinn in Éirinn. Ar na príomhghníomhaíochtaí a bhí i gceist, bhí:

- Aontaíodh cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhFóram Náisiúnta Taighde Oscailte, fóram nuabhunaithe a bhfuil ról le himirt aige i ndéanamh cinnte go dtuigeann agus go gcuireann Éire chun cinn eolaíocht oscailte agus go mbaintear an leas is mó ónár gcuid saineolais, acmhainní agus aschur taighde.
- Meitheal smaointe dhá-lá a óstáil faoi bheartais agus chleachtais eolaíochta oscailte in Éirinn. Bhí na príomhphearsana an tOllamh Barend Mons, Cathaoirleach an tSainghrúpa Ardleibhéil ar Néalríomhaireacht Oscailte Eolaíochta na hEorpa (NOÉE), agus an tOllamh Martin Curley, Cathaoirleach Ghrúpa an AE um Straitéis agus Beartas Oscailte Nuála, in éineacht le POFanna na gceithre phríomhghníomhaireacht um maoiniú taighde in Éirinn agus saineolaithe eile chun an plé a stiúradh. Ar an dara lá den imeacht sin díríodh ar na prionsabail agus na cuir chuige a dhéanann sonraí taighde Findable, Accessible, Interoperable agus Re-usable (FAIR).
- Tús a chur leis an bpróiseas chun tionscadal píolótach a rith do sheirbhís foilsitheoireachta oscailte. Cuirfidh an tseirbhís sin ar chumas taighdeoirí atá maoinithe ag BTS raon leathan dá gcuid fionnachtana taighde agus dá gcuid aschur nua a fhoilsiú, gan mórán bacainní rompu. Tacóidh sé le haidhm straitéiseach an BTS mar atá 'úsáid sonraí i dtaighde sláinte a chur chun cinn chun faisnéis a fháil a chuireann le feabhsuithe ar shláinte'.
- Beartas nua inscne a fhaomhadh chun déileáil chothrom agus chóir leis an dá inscne a chinntiú agus iarratais ar mhaoiniú á meas. Freisin déanfar cinnte tríd go dtógfar san áireamh tionchair agus saincheisteanna inscne agus taighde á dhearadh agus á dhéanamh. Beidh feidhm ag an mbeartas nua sin maidir le gach gairm maoinithe BTS arna n-eisiúint ón 1 Meitheamh 2016. I gcomhpháirt leis an Údarás Ardoideachais agus le gníomhaireachtaí maoinithe eile in Éirinn ceanglaíonn ár mbeartas nua ar institiúidí ardoideachais creidiúnú cothromais inscne atá aitheanta ar fud an domhain a bheith bainte amach acu faoi dheireadh. I gcomhpháirt leis an Údarás Ardoideachais agus le gníomhaireachtaí maoinithe eile in Éirinn ceanglaíonn ár mbeartas nua ar institiúidí ardoideachais creidiúnú cothromais inscne atá aitheanta ar fud an domhain a bheith bainte amach acu faoi dheireadh 2019.

Oibreoidh an BTS leis an bpobal taighde, le ranna rialtais, gníomhaireachtaí maoinithe agus le hinstitiúidí ardoideachais chun na prionsabail sin a chumhdach inár gcuid próiseas taighde.

Cumasóir C

Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

Cuspóirí 2016:

- Timpeallacht oibre ardfheidhmíochta a chinntiú agus í bunaithe ar nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus obair foirne.
- Cinnteoireacht thrédhearcach agus chuntasach atá bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil a chumasú.
- Cinntiú go bhfuil córais agus próisis an BTS láidir, solúbtha agus inscálaithe.
- Aithint luach taighde sláinte agus ról náisiúnta agus idirnáisiúnta an BTS a fheabhsú.

Luadh an BTS i 440 alt preas agus 438 alt ar líne i rith 2016. Is ionann é sin agus luach fógraíochta de €2.7 milliún.

Príomhspriocanna a baineadh amach i 2016

- Tugadh isteach clár Forbartha Pearsanta agus Eagraíochta (FPE).
- Eagraíodh comhdháil do phríomhpháirtithe leasmhara chun an tionchar a bhí ag an BTS le 30 bliain anuas a thaispeáint.
- Rinneadh athbhreithniú ar phleanáil gnó agus mheicníochtaí tuairiscithe an BTS chun riachtanais oibriúcháin an Bhoird agus an Roinn Sláinte agus chun déanamh cinnte go mbaintear an leas is mó as na hacmhainní atá ar fáil.
- Rinneadh athbhrandáil ar an eagraíocht.
- Leanadh ar aghaidh leis an bhforbairt ar dhá phríomchóras an BTS: CBLD, ár gCóras Leictreonach ar líne um Bainistíocht Deontas, agus LINK, ár n-ardán coitianta dár gcuid córas faisnéise go léir.
- Luadh an BTS i 440 alt preas agus 438 alt ar líne i rith 2016. Is ionann é sin agus luach fógraíochta de €2.7 milliún.

Comhdháil #HRB30

Súil siar a chaitheamh ar os cionn 30 bliana d'fhás, rath agus de thionchair BTS.

Cás-Staidéar 11:

Clár Forbartha Pearsanta agus Eagraíochta

Is mian linn timpeallacht oibre dhearfach a chruthú.

Inár straitéis leagtar amach plean soiléir faoina bhfuil muid chun baint amach idir anois agus 2020. Ní phléitear, áfach le *conas a bhainfimid amach é*, maidir lenár gcultúr ach go háirithe. Mar sin tá clár forbartha pearsanta agus eagraíochta curtha i bhfeidhm ag an BTS chun an timpeallacht is fearr agus is féidir a chruthú sa BTS chun ár n-aidhm a chomhlíonadh. Is é atá i gceist leis an gclár seo ná forbairt a dhéanamh ar chultúr BTS agus na luachanna agus na cineálacha iompair a theastaíonn uainn inár n-eagraíocht a chumhdach.

Tá dhá chéim i gceist leis an gclár forbartha pearsanta agus eagraíochta. Cuireadh tús leis an gcéad chéim i Meán Fómhair 2016 agus ba é a bhí i gceist leis ná ceistneoir agus fócasghrúpaí inmheánacha trínar scrúdaigh muid muid féin go macánta, chomh maith leis na luachanna agus na cineálacha iompair a fheiceann muid faoi láthair agus iad siúd ar mhaith linn a fheiceáil. Cuirfear tús leis an dara céim ag tús 2017, agus is é a bheidh i gceist ná plean gníomhaíochta a fhorbairt a bheidh deartha ag baill foirne mar fhreagra ar thoradh chéim a haon. Tá súil againn go gcabhróidh sé sin le timpeallacht dhearfach oibre a chruthú, uchtach a thabhairt do bhaill foirne, feabhas a chur ar chleachtais bhainistíochta agus oibre agus áit iontach le bheith ag obair a dhéanamh den BTS.

Dar linne is próiseas leanúnach é sin trína bhfásann agus a bhforbraíonn muid, mar dhaoine aonair, agus mar eagraíocht fhorásach, agus muid ag oibriú as lámh a chéile mar fhreagra ar phróisis athraitheacha, straitéisí nua agus baill foirne nua chun ár gcuid cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.



Cás-Staidéar 12:
Comhdháil BTS 30

Bhí an chomhdháil seo ceaptha chun an tionchar dearfach a bheadh ag comhtháthú an taighde ina gcuid gnáthghníomhaíochtaí a léiriú do dhéantóirí beartais, bhainisteoirí chúram sláinte agus gairmithe sláinte.

Bhain an BTS amach 30 bliain d'aois i 2016. Chun an ócáid a cheiliúradh, reáchtáil muid comhdháil aon-lá amháin a léirigh cumhacht an taighde agus fianaise chun feabhas achur ar shláinte daoine agus ar sholáthar chúram sláinte agus sóisialta.

Ag an gcomhdháil bhí meascán de bhuntéamaí idirnáisiúnta agus de scéalta ratha a bhí stiúrtha ag an BTS. Bhí sé sin ceaptha chun an tionchar dearfach a bheadh ag comhtháthú an taighde ina gcuid gnáthghníomhaíochtaí a léiriú do dhéantóirí beartais, bhainisteoirí chúram sláinte agus gairmithe sláinte. Dearadh an clár chun léiriú conas is féidir le taighde agus fianaise luach breise a bhaint as an mbuiséad €14 billiún don tsláinte.

Le 30 bliain anuas aithníodh go comhsheasmhach tionchar an taighde sláinte

'San fhadtéarma, léireoidh ár gcóras sláinte an bonn taighde a thacaíonn leis'.
W.A. Watts,
Cathaoirleach, BTS, 1986.

Nuair a dhéanann muid infheistiú i dtaighde sláinte, déanann muid infheistiú i dtodhchaí chúram sláinte na hÉireann agus tá sé tábhachtach nach ndéanfadh muid dearmad air sin.
An Dr Reg Shaw,
Cathaoirleach, BTS, 2008.

'Braitheann ár sláinte amach anseo ar nuálaíocht taighde agus cur i bhfeidhm praiticiúil fionnachtana nua sa bheartas agus i gcleachtas.'
An Dr Declan Bedford Declan Bedford,
Cathaoirleach, BTS, 2014.

Is é an dúshlán atá romhainn agus muid ag bogadh ar aghaidh ná déanamh cinnte go ndúnann muid an bhearna idir taighde/fianaise agus beartas/cleachtas. Bhí an teachtaireacht sin curtha in iúl go breá soiléir le linn na hócáide.

2

Rialachas Corporáideach

Bord an BTS agus Coistí an Bhoird

Tá deichniúr comhaltaí ar Bhord an BTS a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh 279 de 1986) mar a leasaíodh. Sé cúigear an córam um chruinnithe boird.

Ba iad comhaltaí an Bhoird i rith 2016 ná:

1. An Dr Declan Bedford (Cathaoirleach)
3. An Dr. Barry Cullen
3. An tOllamh Michael Joe Duffy
4. An tOllamh Jane Grimson
5. An tOllamh Bernadette Hannigan
6. An tUas. John McCormack
7. An tOllamh William Molloy
8. An tOllamh Charles Normand
9. An Dr Tom O'Callaghan
10. An Dr Marion Rowland

An Dr Declan Bedford

An Dr. Barry Cullen

An tOllamh Michael Joe Duffy

An tOllamh Jane Grimson

An tOllamh Bernadette Hannigan

An tUas. John McCormack

An tOllamh William Molloy

An tOllamh Charles Normand

An Dr Tom O'Callaghan

An Dr Marion Rowland

Bord agus Coistí Boird an BTS

Bhunaigh an Bord dhá choiste mar chuidiú lena fheidhmeanna a chur i gcrích:

An Coiste Iniúchóireachta

Cabhraíonn agus tacaíonn sé leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach, an fheidhm inmheánach iniúchóireachta a rialú agus cumarsáid a dhéanamh le hiniúchóirí seachtracha. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith 2016.

Comhaltaí:
- An tUas Tom Lynch (Cathaoirleach Seachtrach)
- An Dr Declan Bedford
- An Dr Barry Cullen
- An tOllamh Michael Joe Duffy
- An tOllamh Jane Grimson
- An Dr Tom O'Callaghan

Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Déanann an Coiste sin maoirseacht ar an nós imeachta le haghaidh roghnú an Phríomhfheidhmeannaigh, déanann sé athbhreithniú ar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de na treoirlínte a shocraíonn an Rialtas ó am go chéile, agus gníomhaíonn sé mar ghrúpa comhairleach don Phríomhfheidhmeannach chun feidhmíocht agus forbairt na foirne bainistíochta sinsearaí a athbhreithniú. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin le linn 2016.

Comhaltaí:
- An Dr Declan Bedford (Cathaoirleach)
- An tOllamh Bernadette Hannigan
- John McCormack
- An tOllamh Charles Normand
- An Dr Marion Rowland

Tinreamh ag cruinnithe i rith 2016

(Tabhair do d'aire: léiríonn figiúir idir lúibíní líon na gcruinnithe a tharla le linn na bliana)

	Cruinnithe boird	Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta	Cruinnithe an Choiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair
An Dr. D. Bedford (Cathaoirleach)	7 (7)	4 (4)	1 (1)
An Dr B Cullen	7 (7)	4 (4)	-
An tOllamh MJ Duffy	6 (7)	4 (4)	-
An tOllamh J Grimson	6 (7)	3 (4)	-
An tOllamh B Hannigan	7 (7)	-	1 (1)
An tUas J. McCormack	7 (7)	-	1 (1)
An tOllamh W Molloy	6 (7)	-	-
An tOllamh C Normand	5 (7)	-	1 (1)
An Dr. T. O'Callaghan	6 (7)	3 (4)	-
An Dr. M. Rowland	6 (7)	-	1 (1)
Seachtrach			
An tUas. Tom Lynch	-	2 (4)	-

Reachtaíocht

Gníomhaireacht reachtúil fhéinrialaitheach is ea an Bord Taighde Sláinte a bunaíodh faoin Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh 279 de 1986) mar a leasaíodh ("na hAchtanna"). Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird Taighde Sláinte mar seo a leanas:

- taighde sláinte a spreagadh, cuidiú leis, é a choimisiúnú nó a stiúradh chun sláinte a fheabhsú agus éifeachtacht na seirbhísí sláinte a mhéadú
- córais eolas sláinte a chothabháil, a fhorbairt nó tacú leo chun críocha taighde agus chun an fhianaise a sholáthar le haghaidh beartas agus seirbhísí sláinte
- teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí eile taighde sa Stát agus lasmuigh den Stát maidir le taighde bainteach a chur chun cinn, a choimisiúnú nó a dhéanamh
- teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile eolas sláinte sa Stát agus, nuair is cuí, lasmuigh den Stát maidir le córais eolas sláinte a fhorbairt agus tacú leo.

Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige, caithfidh an Bord Sláinte Taighde aird a thabhairt ar a leithéid de thaighde agus cuspóirí ginearálta a d'fhéadfadh an tAire a chinneadh agus a chur in iúl don Bhord ó am go ham.

Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige maidir le taighde sláinte agus córais eolais, tabharfaidh an Bord aird ar fheabhas agus bainteacht le sláinte agus an cleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Sa bhreis ar a reachtaíocht rialaitheach féin, caithfidh an Bord Taighde Sláinte réimse riachtanas eile reachtúil agus riaracháin (Náisiúnta agus AE) a chomhlíonadh.

Go háirithe, ach gan a bheith faoina dteorainn, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh na riachtanas ar leith seo a leanas a chinntiú:

Fógairt leasa

I gcomhréir le hAirteagal 13 de na hAchtanna, caithfidh comhaltaí den Bhord, de choistí agus de phainéil roghnaithe/meastóireachta dámhachtainí, chomh maith le baill foirne an Bhoird Taighde Sláinte, aon leas airgid nó tairbheach eile atá acu i gceist ar bith, nó a bhaineann le ceist ar bith, a thagann os comhair an Bhoird Taighde Sláinte a fhógairt agus iad féin a choinneáil amach ón bpróiseas cinnteoireachta.

Faoi réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, tá ráitis leasa tugtha ag gach comhalta boird agus gach ball foirne i bpost ainmnithe ag an mBord Taighde Sláinte, agus coimeádann an Bord Taighde Sláinte Clár Leasanna Comhaltaí Boird agus Coiste.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Is comhlacht forordaithe é an Bord Taighde Sláinte faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tugann an tAcht seo ceart dlíthiúil do dhaoine eolas atá ar coimeád ag comhlachtaí poiblí a fháil, chomh fada agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus an ceart chun príobháideachais. Ach tugann an tAcht cosaintí láidre do dhaoine nó foirne taighde a thugann eolas don Bhord Taighde Sláinte atá faoi rún, íogair ó thaobh tráchtála de nó pearsanta. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin reachtaíocht seo a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, an Bord Taighde Sláinte, 67–72 Teach Mhig Reachtain, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Tá an Bord Taighde Sláinte tiomanta do bheartas um cheartais agus príobháideacht daoine a chosaint de réir na reachtaíochta um chosaint shonraí.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte a chuid oibleagáidí faoin Acht sin.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2011

Tá an Bord Taighde Sláinte tiomanta chuig polasaí comhdheiseanna, agus déantar dícheall chun cion tairbhe aonair a spreagadh agus difríochtaí a mheas. Chuige seo, tá an BTS tiomanta um a chinntiú ná tugtar do bhall foirne, nó d'iarratasóir um fhostaíocht, cóir is lú fabhar ná aon duine eile maidir le hinscne, stádas pósta, stádas clainne, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, comhaltas den lucht siúil, ná cúinse ar bith eile ná baineann le dea-chleachtas fostaíochta.

Rialacháin um Athúsáid Eolas Earnála Poiblí, 2005

Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte na rialacháin um Athúsáid Eolas Earnála Poiblí (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Athúsáid Eolas Earnála Poiblí) 2005 (I.R. 279/2005)) agus spreagann sé athúsáid an eolais a chruthaíonn sé.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, mar a leasaíodh

Glacann an Bord Taighde Sláinte céimeanna cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe agus cuairteoirí uile laistigh dá chuid oifigí a chosaint chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh, agus tá céimeanna glactha chun ceartais agus dualgais fostóirí agus fostaithe faoin Acht a chur ar eolas.

Acht um Míchumas 2005

Caithfidh an Bord Taighde Sláinte an tAcht um Míchumas, 2005, a chomhlíonadh. Leagann an tAcht seo ar fhostóirí earnála poiblí a chinntiú gur daoine faoi mhíchumas iad 3% ar a laghad den lucht oibre, agus go dtuairiscíonn siad gach bliain maidir le líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe acu agus na céimeanna atá glactha acu chun daoine faoi mhíchumas a fhostú.Leagann an tAcht seo ar fhostóirí earnála poiblí a chinntiú gur daoine faoi mhíchumas iad 3% ar a laghad den lucht oibre, agus go dtuairiscíonn siad gach bliain maidir le líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe acu agus na céimeanna atá glactha acu chun daoine faoi mhíchumas a fhostú.

Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009, 2010, 2011 agus 2013

Caithfidh an Bord Taighde Sláinte cloí leis na bearta atá leagtha síos sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009, 2010, 2011 agus 2013. Tá na bearta riachtanacha go léir atá sa reachtaíocht thuasluaite curtha i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte.

An tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don Bhord Sláinte Taighde in 2014.

Soláthar poiblí

Feidhmíonn an Bord Taighde Sláinte rialacha náisiúnta agus Treoracha AE um sholáthar poiblí maidir le hearraí agus seirbhísí a cheannach. Nuair is praiticiúil é baineann an Bord Taighde Sláinte feidhm as creatchonarthaí atá i bhfeidhm ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair.

Íoc pras cuntas

Tagann an Bord Taighde Sláinte faoi réim an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, IR 383/2000, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, agus tá sé tiomanta a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Riail um Íoc Pras 15 lá a tháinig i bhfeidhm ar 2 Iúil 1998. Tá próisis i bhfeidhm chun sonraisc uile a rianú agus déantar sraitheanna íocaíochta seachtainiúla chun íoc pras a chinntiú.

3

Sliocht as na Ráitis Airgeadais

Ráiteas faoi Ioncam agus Chaiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	2016 €	2015 €
IONCAM		
Deontas Ioncaim ón Roinn Sláinte (Vóta 38 B.1)	**31,554,000**	30,654,000
Maoiniú Taighde Eile	**1,653,674**	1,074,606
Ús Infhaighte agus Ioncam Eile	**314**	8,348
Aistriú Méid Leithdháilte go Cúlchiste Caipitil chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú	**(850)**	(1,949)
	33,207,138	31,735,005
CAITEACHAS		
Díriú ar dhúshláin mhóra sláinte	**10,064,222**	9,844,377
Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte	**6,766,214**	5,694,930
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann	**6,749,950**	4,809,406
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla	**4,739,195**	6,522,197
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú	**2,071,722**	2,791,011
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú	**2,664,790**	2,411,804
	33,056,093	32,073,725
BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN	**151,045**	(338,720)
Cúlchiste Ioncaim ar 1 Eanáir	**(611,245)**	(272,525)
CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AN 31 NOLLAIG	**(460,200)**	(611,245)

Ráiteas faoi Ioncam agus Chaiteachas Caipitiúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	2016 €	2015 €
IONCAM		
Deontas Caipitiúil an Roinn Sláinte (Vóta 38 B.1)	**10,071,433**	10,420,999
Amúchadh an chuntais ciste chaipitiúil	**178,367**	182,737
	10,249,800	10,603,736
CAITEACHAS		
Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte	**2,236,601**	2,044,602
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann	**1,474,161**	1,296,384
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla	**5,441,260**	5,765,540
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú	**887,671**	1,066,946
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú	**22,603**	151,845
Breiseanna le sócmhainní seasta	**9,137**	95,682
Dímheas	**176,867**	181,322
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	**1,500**	1,415
	10,249,800	10,603,736
BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN	**-**	-

Ráiteas faoi Sheasamh Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2016

	2016 €	2015 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	**527,181**	695,561
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Infháltais	**661,087**	365,263
Infheistíochtaí	**641**	641
Airgead sa bhanc agus ar láimh	**1,749,303**	1,068,934
	2,411,031	1,434,838
DLITEANAIS REATHA		
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Suimeanna Iníoctha	**1,532,834**	1,063,149
	1,532,834	1,063,149
GLANSÓCHMHAINNÍ REATHA	**878,197**	371,689
DLITEANAIS FADTÉARMACHA		
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Suimeanna Iníoctha	**1,338,397**	982,934
	1,338,397	982,934
IOMLÁN NA NGLAN-SÓCMHAINNÍ	**66,981**	84,316
A SHEASANN DO		
Chúlchistí Ioncaim Coimeádta	**(460,200)**	(611,245)
Cúlchiste Caipitil	**527,181**	695,561
	66,981	84,316

Aguisín A

Liosta fhoilseachán an BTS in 2016

TUARASCÁLACHA AN BTS

Daly A (2016) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) An Feasachán Náisiúnta 2015*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus Walsh D (2016) *Gníomhaíochtaí Aonaid agus Ospidéil Shíciatracha na hÉireann, 2015*. Sraith Staidrimh 29 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus Craig S (2016) *Irish Psychiatric Units and Hospitals Census 2016 Main Findings*. Sraith Staidrimh 32 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Doyle A agus Carew AM (2016) *Annual Report of the National Intellectual Disability Database Committee 2015 Main Findings*. Sraith Staidrimh 30 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2016) *Tuarascáil Bhliantúil an Bhord Taighde Sláinte 2015*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2016) *Straitéis an BTS 2016–2020: Taighde. Fianaise. Gníomh*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Hourigan S, Doyle A agus Carew AM (2016) *Annual Report of the National Physical and Sensory Disability Database Committee 2015*. Sraith Staidrimh 31 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Lynn E and Lyons S (2016) *National Drug-Related Deaths Index 2004 to 2014 data*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2016) *Drugnet Ireland, Eagrán 56*, an Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2016) *Drugnet Ireland, Eagrán 57*, an tEarrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2016) *Drugnet Ireland, Eagrán 58*, an Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2016) *Drugnet Ireland, Eagrán 59*, an Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) 2016 *Tuarascáil Náisiúnta (sonraí 2015) chuig an LMEDAD ag Pointe Fócasach Náisiúnta Reitox, Éire: forbairtí nua, treochtaí*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Mongan D agus Long J (2016) *Alcohol in Ireland: consumption, harm, cost and policy response*. Sraith Forléargais 10 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Moran R (2016) *Proposals for an Enabling Data Environment for Health and Related Research in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

ATHBHREITHNITHE AR FHIANAISE

Keane M, Sutton M, Farragher L agus Long J (2016) *Barriers and facilitators to successful hospital mergers: Athbhreithniú córasach*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kinsella S agus Kiersey RA (2016) *Health workforce planning models, tools and processes in five countries: Athbhreithniú ar fhianaise*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

McCarthy A, O'Nolan G agus Long J (2016) *Minor ailments schemes: an overview of experience up to 2015*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pike B, O'Nolan G agus Farragher L (2016) *Individualised budgeting for social care services for people with a disability: International approaches and evidence on financial sustainability*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Sutton M, O'Donoghue E, Keane M, Farragher F agus Long J (2016) *Interventions that promote increased breastfeeding rates and breastfeeding duration among women: Bratathbhreithniú*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

AILT LE FOIREANN AN BTS IN IRISLEABHAIR PHIARMHEASÚNAITHE

Cousins G, Mongan D, Barry J, Smyth B, Rackard M agus Long J (2016) Potential Impact of Minimum Unit Pricing for Alcohol in Ireland: Evidence from the National Alcohol Diary Survey. *Alcohol and Alcoholism*, 51(6): 734–740. doi: 10.1093/alcalc/agw051

Cousins G, Mongan D, Barry J, Smyth B, Rackard M agus Long J (2016) Estimating risk of alcohol dependence using empirically validated ordinal risk zones versus recommended binary risk zones of the RAPS4: A validation study using stratum-specific likelihood ratio analysis. *Alcoholism, clinical and experimental research*, 40(8): 1700–1706. doi: 10.1111/acer.13126

McConkey R, Kelly C, Craig S agus Shevlin M (2016) A decade of change in mainstream education for children with intellectual disabilities in the Republic of Ireland. *European Journal of Special Needs Education*, 31(1): 96–110. http://dx.doi.org/10.1080/08856257.2015.1087151

O'Doherty S, Linehan C, Tatlow-Golden M, Craig S, Kerr M, Lynch C agus Staines A (2016) Perspectives of family members of people with an intellectual disability to a major reconfiguration of disability support services in Ireland. *Journal of Intellectual Disabilities*, (20)2: 137-151. doi: 10.1177/1744629516636538

Aguisín B

Dámhachtainí BTS a bronnadh i 2016 – go Príomhimscrúdaitheoirí

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR						
Teideal an tionscadail	**Óst-institiúid**	**Scéim**	**Teideal an Cheannaire**	**Céadaimn an Phríomh-thaighdeora**	**Sloinne an Phríomh-thaighdeora**	**Méid**
Acmhainn taighde a chothú sa staidéar ar Shláinte Máithreacha agus Ghalracht Máithreacha in Éirinn: Fiosrú le dara leanaí, forbairt agus tástáil idirghabhálacha, agus costais a thomhas (MAMMA-SIM)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain ICE	An tOll.	Cecily	Begley	€869,272
Ról an bhealach TWEAK/Fn14 trí mheán phaiteolaíocht matáin i SMA	Ollscoil Oxford, Maigh Nuad [Comhchiste Muscular Dystrophy Ireland]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Melissa	Bowerman	€49,976
Sásamh Othar i gClinic Ceimiteiripe Béil faoi Cheannaireacht Altraí	Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath	Tionscadal Taighde ar Altranas Ailse	Ms	Paula	Briscoe	€10,000
Spriocanna imdhíonacha úrnua i scléaróis iolrach	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad	Dámhachtain Taighde Sláinte	An Dr.	Marion	Butler	€326,679
Smacht gráinneoige ar nideoga cónaithe de ghaschealla soithíocha	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Dámhachtain Taighde Sláinte	An tOll.	Paul	Cahill	€318,296
Imscrúdú ar choilíniú Staphlococcus aureus ar oibrithe chúram sláinte ar aistriú nosacómach *S. aureus* chuig othair i suíomh eindéimeach MRSA agus úsáid á baint as seicheamhú geanóim iomláin	Ospidéal Ollscoile Déadach Bhaile Átha Cliath	Dámhachtain Taighde Sláinte	An tOll.	David	Coleman	€329,445
SAFE: Systematic Approach to improving care for Frail Elderly patients (Cur Chuige Córasach i dtreo cúram a fheabhsú d'othair Bhreacaosta Laga	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr.	Marie-Therese	Cooney	€239,491

Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadainm an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
Bainistíocht airíonna trí fhéinbhainistíocht: Feabhas a chur ar thorthaí d'othair ar a bhfuil Mialóma Iolrach Athiompaithe	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Tionscadal Taighde ar Altranas Ailse	Ms	Orlaith	Cormican	€13,000
Cóireáil ionadú meatadóin: mortlaíocht agus bealaí dul chun cinn	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtain Taighde Sláinte	An Dr.	Gráinne	Cousins	€308,345
Cur chuige ilghnéitheach a fhorbairt i dtreo riosca choimeád ábhar coimhthíoch (CÁC)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	An tOll.	Sam	Cromie	€279,983
Seicheamhú Céad Glúine Eile a Chur i bhFeidhm do Thréithriú Géiniteach Othar Éireannach ar a bhfuil Meath Reitineach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath [Comhchiste Fighting Blindness]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	G Jane	Farrar	€299,973
Integrative genomic, epigenetic and functional studies in diabetic kidney disease (GENIE)/Staidéir chomhtháiteacha, eipiginiteacha agus fheidhmiúla ar ghalar diaibéiteach duáin	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann	An tOll.	Catherine	Godson	€4,518,000
Íomháú Ceimiceach Raman agus 'Chemometrics' Úrscothach a Chur i bhFeidhm chun measúnú ar bhithóipse phróstatach othair i gcomhair ailse a bhrostú agus a fheabhsú	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Taighde Sláinte	An Dr.	Aoife	Gowen	€326,356
MicroRNAs i meicníocht theiripí an aiste bia ceiti-ghéineach agus mar bhithchomharthaí sóirt i dtitimeas péidiatrach	Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn [Comhchiste Epilepsy Ireland]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	David	Henshall	€144,313
Idirghabháil agallaimh spreagtha idir piaraí le haghaidh caitheamh tobac, alcóil agus gníomhaíochta fisicí i measc ógánach i mbaol i bpobal íseal-SES: Triail indéantachta.	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath [Comhchiste Chumann Ailse na hÉireann]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	David	Hevey	€284,376

Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
I dtreo teiripí treoraithe ag ósta chun teacht thar lagú imdhíonach i gcaiteoirí tobac le linn ionfhabhaithe míceabhaictéaraigh	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath [Comhchiste an Irish Thoracic Society]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Joseph	Keane	€100,000
Cuid 5/6 de Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois (TILDA)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain TILDA	An tOll.	Rose Anne	Kenny	€10,000,000
Anailís aistriúcháin ar iompar ionghabhála tar éis seach-chonaire gastraí	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann	An tOll.	Carel	le Roux	€2,500,000
Meicníochtaí an 'azoospermia' a thuiscint agus cóireálacha féideartha don todhchaí le haghaidh othair fir 'chistíonóise'	Ollscoil Leuven, An Bheilg [Comhchiste Cystinosis Ireland]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Elena	Levtchenko	€199,999
AVERT: Athiompú Uath-imhdíonachta a Thuar agus Úsáid á Baint as Foinsí Iolracha Comhthreomhara Sonraí	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath [Comhchiste an Irish Nephrology Society]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Mark	Little	€199,394
Ceannródaíocht ar Dhul Chun Cinn maidir le Smachtú Mióipe i Leanaí – An Tionscnamh Shield	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath [Comhchiste Fighting Blindness]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	James	Loughman	€300,000
Céataimín chun Athiompú a Chosc i gcás Neamhord Dúlagair Athfhilltigh triail phíolótach randamaithe, rialaithe (Triail KINDRED)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath [Ospidéal Ollscoile Phádraig]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Declan	McLoughlin	€139,981
Cuimhne imdhíon-sochta de thoradh Staphylococcus aureus: torthaí don víreas agus don ósta	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Iontaobhas Wellcome d'Imscrúdaitheoirí	An Dr.	Rachel	McLoughlin	€1,577,507

Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
An mheicníocht ghnímh a shocrú le haghaidh coscaire nua atá sonrach do histone deacetylase 6 a mharaíonn ailse chíche nach bhfreagraíonn do cheimiteiripe	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtain Síl an Wellcome Trust	An Dr.	Triona	Ní Chonghaile	€127,136
Aeiteolaíocht Mhí-Ord Cealla Sinsir Diaibéitis a Aithint i gcás Oistéapóróise	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh [Comhchiste Diabetes Ireland]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Timothy	O'Brien	€224,957
Frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach béitealachtam a laghdú Straitéis chóireála nua d'ionfhabhtuithe MRSA	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtain Taighde Sláinte	An tOll.	James	O'Gara	€328,853
Próifíliú speictrimhéadrach chomparáideach maise ar an 'dystrophin complexome' i gcás gnáthmhatán i gcomparáid le matáin phaiteolaíocha ina bhfuil céimeanna éagsúla de mheathlú snáithín	Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad [Comhchiste Muscular Dystrophy Ireland]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An tOll.	Kay	Ohlendieck	€50,000
An ról atá ag próitéiní múnlaithe-ER i ngalar néarmheathlúcháin a nochtadh	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Síl an Wellcome Trust	An Dr.	Niamh	O'Sullivan	€129,896
Cógaschinéitic a shamhlú i bhfíochán iscéimeach croí ó thaisce teiripe in-ionchlannaithe, in-athshlánaithe.	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtain Síl an Wellcome Trust	An Dr.	Ellen	Roche	€98,161
Déileáil le 'Autophagy i gcás cistíonóise neifreapataí	Ollscoil California San Franscisco [Comhchiste Cystinosis Ireland]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An Dr.	Minnie	Sarwal	€300,000
Taifeadadh péine i gclinicí oinceolaíochta leighis in Éirinn	Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath	Tionscadal Taighde ar Altranas Ailse	Ms	Noeleen	Sheridan	€7,000

Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
Tacú le hoideasú i gcúram príomhúil na hÉireann staidéar píolótach neamh-randamaithe ar Chlár um Barrfheabhsú Chógais Chógaiseora bunaithe i gcleachtais GP	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	An tOll.	Susan	Smith	€259,443
Socrú conas is féidir Treoirlínte an National Comprehensive Cancer Network (NCCN) do Choscaí Tamocsaifeine agus Aramatáise (AInna) a chur in oiriúint chun déileáil leis an ualach airíonna do mhná ar a bhfuil ailse chíche sa chéim leantach de chóireáil, a bhfuil cúram á fháil acu in Oirthuaisceart na hÉireann.	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Tionscadal Taighde ar Altranas Ailse	Ms	Elizabeth	Summersby	€8,525
Baictéir i Siadaí Daonna	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh [Comhchiste Ionad Chorcaí um Thaighde ar Ailse]	Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	An Dr.	Mark	Tangney	€125,950
Comparáid idir teiripe dírithe ar mhothúcháin agus teiripe iompraíochta cognaíche chun neamhord imní ginearálta a chóireáil	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Taighde Sláinte	An Dr.	Ladislav	Timulak	€323,309
Áireamhán riosca a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi dhiagnóis ailse phróstataigh	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Taighde Sláinte	An tOll.	William	Watson	€317,080

CEANNAIREACHT AGUS ACMHAINN A FHORBAIRT						
Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
Tuairimí céilí ban a mbíonn fadhbanna meabhairshláinte acu sa tréimhse iarbhreithe	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	Ms	Jill	Atkinson	€255,324
An Ciste Tacaíochta Straitéisí d'Institiúidí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Ciste Tacaíochta Straitéise Wellcome d'Institiúidí.	An tOll.	John	Boland	€1,100,000
An Triail ExACT - Éifeachtacht na hAclaíochta in éineacht le Teiripe Inghlacthachta agus Gealltanais i gcomparáid le hidirghabháil aonair aclaíochta faoi mhaoirseacht um pian ainsealach - Triail randamaithe faoi riail	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	Ms	Maire-Brid	Casey	€241,892
SDHB agus a ról in athrú opighiniteach i bhfaecrómaicíotóma	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	An Dr.	Ruth	Casey	€258,489
Géin duáin na hÉireann aithint tionscadal agus tréithriú cúiseanna géiniteacha nua le galar duáin clainne	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	An Dr.	Dervla	Connaughton	€256,493
Teiripe fhrith-athlastach chun stróc agus imeachtaí soithíocha tar éis stróic iscéimigh nó taoma tras-iscéimigh	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Sara	Coveney	€91,152
Deisiú hibrideach i gcomparáid le gnáthdheisiú oscailte um ainéarais san áirse aortach tóracsach	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Ala	Elhelali	€54,436
Méarú Scannáin chun Breith a Spreagadh	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Elaine	Finucane	€54,436
An Ciste Tacaíochta Straitéisí d'Institiúidí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Ciste Tacaíochta Straitéise Wellcome d'Institiúidí.	An tOll.	William	Gallagher	€1,100,000

Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
Cóireálacha Neoi-Aidiúvacha do mheileanóma urchóideach agus meiteastáiseach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Claire	Gorry	€20,750
Dearadh ospidéil chun daoine a bhfuil néaltrú orthu agus a gcuid cúramóirí a chóireáil	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	An tUas.	Tom	Grey	€54,235
Líonraí Néaracha Bréagacha, Sonraí Géanómaíocha agus Aicmiú Cás-Rialaithe	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Síl an Wellcome Trust	An Dr.	Elizabeth	Heron	€84,798
Bogearraí agus teicneolaíocht ríomhaire a úsáid chun afáise a athshlánú ceisteanna a fhiosrú maidir le héifeachtúlacht, inúsáidteacht agus éifeachtacht ó thaobh costas	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	Ms	Aine	Kearns	€162,714
Oiliúint bunaithe ar mhéadraigh a fhorbairt um inniúlacht le haghaidh shocrú ionchlannán fiacla	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	An Dr.	Elaine	Kehily	€251,408
IgG polachlónach agus 'glycosylation' paraphróitéin a thréithriú i mialóma iolrach chun léargais struchtúracha agus fheidhmiúla ar phaiteolaíochtaí sonrach do chéim a fhiosrú	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	An Dr.	Giao	Le	€251,857
Idirghabhálacha chun rannpháirtíocht i gcinnteoireacht roinnte a chur chun cinn le haghaidh leanaí agus ógánach a bhfuil fiobróis chisteach orthu	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Helen	Malone	€71,990
Samhaltacha um thuar riosca le haghaidh ailse chíche clainne athbhreithniú córasach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Sarah	McGarrigle	€62,498
Idirghabhálacha chun cloí le cógas a chur chun cinn i ndaoine a fhaigheann trasphlandú soladach orgán	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Lisa	Mellon	€32,669
Idirghabhálacha chun tacú le cinntí ban torrach faoi céad shaolú le gearradh caesarach	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Maeve	O'Connell	€66,478

Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
Tuiscint a fháil ar an gcastacht a bhaineann le measúnú feidhmíochta cliniciúla ar mhic léinn fhisiteiripe agus roghanna príomhpháirtithe leasmhara a aithint maidir leis an bpróiseas a fheabhsú	Ollscoil Luimnigh	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	Ms	Anne	O'Connor	€242,477
Athchlárú meitibileach in imdhíonacht inbheirthe	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Wellcome d'Imscrúdaitheoirí	An tOll.	Luke	O'Neill	€2,242,603
Gearradh caesarach i mná neamhbhreitheacha: Fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar an bpróiseas cinnteoireachta agus ar thorthaí do mhná - an tsraith den staidéar MAMMI faoi ghearradh caesarach.	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	Ms	Sunita	Panda	€255,779
Idirghabhálacha a Aithint chun Galar Ainsealach Duáin a Chosc agus a Láimhseáil	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Comhaltachtaí Oiliúna Iardhochtúireachta Wellcome do Chliniceoirí	An Dr.	Andrew	Smyth	€486,492
Scagadh agus Ceimeachosc - eipidéimeolaíocht cógas i gcás ailse	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhaltacht an NCI um Chosc Ailse	An Dr.	Susan	Spillane	€164,000
I dtreo teiripe pearsantaithe chun galar Crohn's a shrianadh - ról ocsaíodáise NAPH i bhfiobróis stéigeach a iniúchadh agus leas a bhaint as	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Comhaltacht Gairmithe Sláinte	An Dr.	Emily	Stenke	€259,104
Breathnóireacht bunaithe ar fhuaim ar Fhás agus Stádas Inchinne Nua-Naíoch	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtain Síl Wellcome	An Dr.	Andriy	Temko	€134,435
Cláir sláinteachais bhéil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.	Ospidéal Ollscoile Déadach Bhaile Átha Cliath	Comhaltacht Oiliúna Cochrane	Ms	Catherine	Waldron	€3,970

BONNEAGAR AGUS LÍONRAÍ						
Teideal an tionscadail	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Cheannaire	Céadaimn an Phríomh-thaighdeora	Sloinne an Phríomh-thaighdeora	Méid
Líonra Taighde AIIHPC um Chúram Maolaitheach - maoiniú forlíontach	Ospís & Seirbhísí Cúraim Muire Máthar	Institiúid Uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Maolaitheach	Ms	Paddie	Blaney	€210,000
Droch-chothú i nDaoine Breacaosta Comhghairm chun Gnímh	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	JPI Aiste Bia Folláin do Shaol Folláin	An Dr.	James	Conway	€249,864
Measúnú ar Chur i bhFeidhm Píolótach an Chreata um Sholáthar Foirne Sábháilte Altranais agus Meascán Scileanna	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Creat um Sholáthar Sábháilte Foirne Altranais agus Meascán Scileanna	An tOll.	Johathan	Drennan	€177,256
Maoiniú forlíontach um fhorbairt ghairmiúil altraí taighde trí thacaíocht don 10ú comhdháil bhliantúil de Líonra Altraí Taighde na hÉireann (Irish Research Nurses Network) agus sparánachtaí taistil do chomhdhálacha agus chúrsaí oiliúna, agus uasghrádú ar láithreán gréasáin an IRNN	Molecular Medicine Ireland	Comhordú Taighde Chliniciúil Éireann	An tOll.	Joseph	Eustace	€30,000
Clár Wellcome/an Bhord Taighde Sláinte um Oiliúint Chliniciúil Acadúil na hÉireann	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Clár Wellcome do Scoláirí PhD	An tOll.	Michael	Gill	€9,112,528
ICORG Athnuachan Ghinearálta Lároifige 2016-2018	Cancer Trials Ireland	ICORG	An tOll.	Bryan	Hennessy	€8,995,200
Award for the Irish Platform for Patient Organisations, Science and Industry	Ardán na hÉireann um Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal	AÉEOET	An Dr.	Derick	Mitchell	€337,500
Athbhreithnithe an BTS ar Chomhar in Éirinn um Éifeachtacht Chliniciúil (CICER)	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte	HRB-CICER	An Dr.	Máirín	Ryan	€2,248,440
Dámhachtain Eatramhach don Ghrúpa Carthanais Taighde Leighis	Grúpa Carthanais Taighde Leighis	Croímhaoiniú MRCG	An tUas.	Philip	Watts	€50,000

Aguisín C

Dámhachtainí BTS in éineacht le comh-mhaoinitheoirí

Scéim	Comhpháirtí comh-mhaoinithe	Leithdháileadh comhchiste (€)	Méid iomlán na dámhachtainí (€)
Institiúid Uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Maolaitheach	Oifig T&F Thuaisceart Éireann	€110,000	€210,000
Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann	€39,962	€239,491
JPI Aiste Bia Folláin do Shaol Folláin	An Roinn Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Mara	€124,932	€249,864
Dámhachtain Comh-mhaoinithe ag MCRG	Carthanais Leighis na hÉireann	€978,412	€2,418,918
Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	€269,962	€539,426
Dámhachtain Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann	Comhpháirtithe comh-mhaoinithe i dTuaisceart Éireann agus SAM	€6,322,461	€7,018,000
Wellcome Dámhachtain Tacaíochta Straitéise d'Institiúidí	Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann	€1,650,000	€2,200,000
Dámhachtain Wellcome d'Imscrúdaitheoirí	Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann	€2,865,083	€3,820,110
Clár Wellcome do Scoláirí PhD	Wellcome	€4,556,264	€9,112,528
Comhaltachtaí Oiliúna Iardhochtúireachta Wellcome do Chliniceoirí	Wellcome	€243,246	€486,492
Dámhachtain Síl Wellcome	Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann	€430,820	€574,426
Móriomlán		€17,591,141	€24,669,255

An Bord Taighde Sláinte
Teach Mhig Reachtain
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

t +353 1 234 5000
f +353 1 661 2335
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

@hrbireland